

Seirbhís Phríosúin na hÉireann
Tuarascáil Bhliantúil 2009

CLÁR

Tuarascálacha an Chathaoirligh agus an Ard-Stiúrthóra

Forbhreathnú – staidreamh 2009 in aon amharc amháin

Caibidil 1 – An Eagraíocht

Caibidil 2 – Coimeád na bPríosúnach

Caibidil 3 – Coimeád Sábháilte agus Slán

Caibidil 4 – Cúram agus Athshlánú na bPríosúnach

Caibidil 5 – Seirbhísí Sláinte do Phríosúnaigh

Caibidil 6 – Eastát na bPríosún

Caibidil 7 – Airgeadas

Caibidil 8 – Bainistiú Acmhainní Daonna

Tuarascáil an Chathaoirligh

Agus muid ag breathnú ar 2009 beidh cuimhne againn air mar bhliain dhúshlánach ag cur san áireamh tionchar na géarchéime eacnamaíocta domhanda. Bhí dhá rud a chuaigh i bhfeidhm go mór ar Sheirbhís Phríosúin na hÉireann le linn na bliana: i dtosach báire dul chun cinn stadach thionscnamh Halla Bhaile na Sceach, rud a chuirfidh moill ar chóiríocht bhreise nua-aimseartha a bhfuil géarghá leis a chur ar fáil don daonra príosúin atá ag dul i méid, agus ina dhiaidh sin an oiread sin de bhaill fhoirne le taithí a d'imigh amach ar phinsean le linn na bliana.

Ábhar sásaimh dom é, mar sin féin, go bhfuil an tAire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí, an tUas. Diarmaid Ó hEachthairn, TD, mar aon leis an Aire Airgeadais, Brian Ó Luineacháin, TD agus a gcomhghleacaithe rialtais, tar éis a dtacaíocht do Halla Bhaile na Sceach a athdhearbhú. Is ábhar suntais é freisin gur fhaomhaigh an Rialtas earcú ar níos mó Ábhar Oifigigh Phríosúin (RPOs), in ainneoin an choisc ar earcú agus ar ardú céime san earnáil phoiblí, lena chinntiú gur féidir le Seirbhís Phríosúin na hÉireann a misean a chur i bhfeidhm le coinneáil shábháilte shlán agus dhaonachtúil a chur ar fáil do dhaoine a chuirtear i bpríosún.

Clár Caipitil

Ní hé Halla Bhaile na Sceach, ar ndóigh, an t-aon cheist a ndéantar diriú uirthi i bPlean Caipitil na Seirbhíse agus bhí áthas ar an mBord a thabhairt faoi deara gur tháinig ann do chóiríocht bhreise i 2009 ar a raibh an bloc nua de 123 ionad i bPríosún an Chaisleáin Riabhaigh, an Bloc C nua i bPríosún Phort Laoise a bhfuil córas iomlán séarachais ann. chomh maith le háiseanna cith folctha do 200 príosúnach agus an sciathán nua 200 spás i bPríosún an Chruithneachtáin a raibh an chuid is mó de críochnaithe faoi dheireadh na bliana.

Lucht Scoir

Le linn na bliana chuaigh 192 duine den bhfoireann ar scor, ar a raibh seachtar gobharnóir agus ceathrar leasghobharnóir.

Guímid fadsaol sona ar an uile dhuine a bhí ar fhoireann na Seirbhíse tráth.

Earcú agus Ardú Céime

Chrom iomlán de 122 RPOs ar Bhliain 1 den Ardteastas i gCúram Coinneála le linn 2009. Chinntigh sé sin go raibh iomlán de 479 mac léinn cláraithe ar an gcúrsa faoi dheireadh na bliana agus táthar ag súil leis go mbainfidh thart fá 140 RPOs an tArdteastas amach go luath i 2010.

Saoire Thinnis

Molann an Bord an dul chun cinn atá déanta maidir le bainistiú asláithreachais. Tá laghdú ag teacht ar an saoire thinnis. Faoi dheireadh 2009, bhí líon na laethanta tinnis per capita laghdaithe ó 19.84 i 2008 go 17.25. Feabhas de 13% atá anseo. I dtéarmaí praiticiúla baineadh leas as 6,669 laethanta tinnis níos lú agus foireann ann a raibh 34 duine níos lú inti.

Sláinte agus Sábháilteacht

Cuirtear fíorthábhacht le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta na foirne agus iad siúd uile atá faoi chúram Sheirbhís Phríosúin na hÉireann.. Tugann an Bord faoi deara gur baineadh leas as an gcóras sábháilteachta creidiúnaithe idirnáisiúnta OHSAS 18001 ar bhonn treoirscéime faoi stiúradh na Foirne Feidhmeannaí Bainistíochta (EMT) um Shláinte agus Shábháilteacht i roinnt suíomh sa tseirbhís phríosúin le linn na bliana.. Ba chuid dhílis d'fheidhmiú an chórais i ngach suíomh córas cuimseach ar aitheantas ar chontúirtí a chur le cheile, aithbhreithniú agus uasdátú ar phleananna éigeandála agus lámhleabhar nua sábháilteachta do gach suíomh ar leith. Tá an Bord ag tnúth le leathnú ar an gcóras seo ar fud eastáit príosúin iomlán sna míonna le teacht.

D'fhéach an EMT freisin le trealamh a bhí deartha go speisialta le haghaidh tarrthála snaptha ó chillín príosúin a thabhairt isteach in áit an fhearis anála a bhí ann go dtí seo. Tháinig an córas tarrthála seo chun cinn trí nuálaíocht, thaighde agus fhoghlaim as an nua le teacht ar chóras a bheadh bunaithe ar fhianaise agus curtha i bhfeidhm de réir caighdeán idirnáisiúnta agus de bhreis air sin a bheadh níos éifeachtaí agus a shábháilfadh costais leanúnacha, in áit chórais a bhí dlúthshaothrach, casta le cur i bhfeidhm, agus costasach maidir le daonuaireanta de.

Buíochas

Ba mhaith liom buíochas a ghbhail leis an Aire Ó hEachthiarn agus leis an Ard-Rúnaí, Sean Aylward, as a dtacaíocht leanúnach. In am seo an ghátair. Is ábhar misnigh dúinn é go bhfuil gealltanais mór ann go gcinnteofar go mbeidh dóthain acmhainní ar fáil le seirbhís phoiblí riachtanach a reachtáil ar mhaithe le príosúnaigh agus leis an sochaí.

Is í a foireann an acmhainn is mó ag eagraíocht ar bith – cliché é sin, b'fhéidir, ach is fíor é i gcas Sheirbhís Phríosúin na hÉireann. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Ard-Stiúrthóir, Brian Purcell, agus leis an bhfoireann sna hinstiúidí, sa cheannáras agus i seirbhísí tacaíochta eile, a gcomhlíonann a ndualgais go gairmiúil faoi thosca a bhíonn an-deacair go minic.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil le mo chomhbhaill bhoird a thagann le chéile go rialta leis an Ard-Stiúrthóir agus na stiúrthóirí a dtugaimid comhairle agus treoir dóibh i mbainistiú an chórais phríosúin. Is fíor a rá go bhfuil an caidreamh idir an Bord agus an bhainsteoireacht shinsearach bunaithe ar chómhéacs agus ar chomhthuiscint.

Brian McCarthy

Cathaoirleach

Bord Eatramhach Údarás na bPríosúin

Tuarascáil an Ard-Stiúrthóra

Do: An tAire Dlí agus Athchóirithe Dlí, Diarmiud Ó hEachthairn TD

A Aire,

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil Sheirbhís Phríosúin na hÉireann 2009 a chur ar aghaidh chugat.

Bhí sábháilteacht agus slándáil na bpríosún, bainistiú líon na bpríosúnach agus soláthar cóiríochta cuí agus seirbhísí do phríosúnaigh ina dtosaíochtaí leanúnacha le linn 2009.

Líon na bPríosúnach

Le linn 2009 bhí iomlán de 15,425 cimithe go príosún. Méadú suntasach a bhí ansin ar an iomlán de 13,557 i 2008 agus b'ionann é agus méadú de 13.8%. Bhí iomlán de 12,339 daoine i gceist sna cimithe seo.

Ar an iomlán bhí 10,865 cimithe faoi phianbhreith le linn na bliana, méadú de 2,822 nó 35% ar an líon (8,043 cimithe) i 2008.

Bhí méadú mór ar an líon cimithe le haghaidh neamhíocaíochta ar fhíneáil chúirtordaithe le linn 2009.. Bhí méadú de 90.7% sa chatagóir seo ar an líon do 2008 - ó 2,520 i 2008 go 4,806 i 2009. Leanann sé sin méadú de 88.7% i 2008.

Seo cuid de na treochtaí suntasacha eile:

- Tá méadú 10% ar phianbhreitheanna saoil (20 i 2008 go 22 i 2009)
- Tá méadú 7.7% ar phianbhreitheanna 10 + de bhlianta (65 i 2008 & 70 i 2009)
- Tá méadú 9.6% ar phianbhreitheanna 5 go 10 mbliana (219 i 2008 & 240 i 2009)
- Tá méadú 35% ar phianbhreitheanna 3 go 5 bliana (346 i 2008 & 469 i 2009)
- Tá méadú de 13.6% ar phianbhreitheanna 2 go 3 bliana (359 i 2008 & 408 i 2009)
- Tá méadú de 27.9% ar phianbhreitheanna 1 go 2 bhliana (610 i 2008 & 440 i 2009)
- Tá méadú de 11.2% ar phianbhreitheanna 6 go 12 mhí (1404 i 2008 & 1561 i 2009)
- Tá méadú de 27.5% ar phianbhreitheanna 3 go 6 mhí (1494 i 2008 & 1905 i 2009)
- Tá méadú de 63% ar phianbhreitheanna < 3 mhí (3526 i 2008 & 5750 i 2009)

Ba é 3,881 an meánlíon laethúil príosúnach faoi choimeád i 2009 – méadu de 337 (nó 9.5%) ar líon 2008 de 3,544). Ba é 132 meánlíon na gciontóirí

baineannacha faoi choimeád, méadú de 8 ar leibhéal 2008. Bhí an chuid is mó de na príosúin lán go doras nó líonta thar fóir i 2009.

Costas spásanna príosúin a sholáthar

Ba é €77,222 an meánchostas a ghabh le spás príosúin a sholáthar i 2009. B'in laghdú de €15,495 nó 16.7% ar an gcostas i 2008.

Céimeanna Slándála Feabhsaithe

Is é ceann de na dúshláin mhóra i bpríosúin ar fud an domhain cosc a cur le teacht ar ,ábhar contrabhanna, go príomha gutháin phóca agus drugaí, nithe ar tráchtearraí luachmhara iad, ar chúiseanna soiléire, ar féidir leo a bheith ina dtacaí le hiompar mídhleaathach. I Meitheamh 2007 d'fhaomhaigh an Rialtas na hacmhainní a bhí riachtanach le pacáiste de bheartais slándála a thabhairt isteach a dhíreodh ar na bealaí trína n-iompraítear contrabhanna ar nós drugaí, gléasanna troda agus gutháin phóca isteach inár bpríosúin. Cuireadh tús le tionscnamh na ngnéithe éagsúla i mBealtaine 2008 agus críochnaíodh é le linn 2009.

Bhí cur i bhfeidhm na mbeartas seo ar cheann de na foráis ba shuntasá sa tseirbhís phríosúin le blianta beaga anuas agus tá éirithe thar cionn leis an nGrúpa Tacaíochta Oibríochta.

Cóireáil ar Chiontóirí Gnéis

Le linn 2009, rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le méadú ar réimse agus inrochtain roghanna teiripeacha do chiontóirí gnéis, le teacht i bhfeidhm an chlár Cruithú Beathaí Feabhsaithe (Building Better Lives/BBL), I mí Eanáir. Faoi mar a bhí leagtha amach i nDoiciméad Pholasaí Bainistíochta um Chiontóirí Gnéis de chuid Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, a foilsíodh in Aibreán 2009, ceapadh Cnoc an Arbhair mar lárionad le haghaidh chóireáil ar chiontóirí gnéis. Tá áthas orm a rá gur ábhar dóchais an críochnaíodh ar chlár an BBL i gCnoc an Arbhair.

Nuair a bheas sé i bhfeidhm go hiomlán cuirfidh an clár idirghabháil ar fáil do suas le 60 príosúnach sa bhliain. Cinnteoidh sé seo go mbeidh gach ciontóir gnéis atá ag cur isteach pianbhreithenna de bhliain ar a laghad agus atá sásta plé leis na seirbhísí teiripeacha in ann teacht i dtír ar idirghabháil..

Clár Tógála Príosún

Rinneadh dul chun cinn suntasach le linn 2009 maidir le feidhmiú an chlár tógála príosúin a dhéanfaidh malartú ar thart fá 40 d'eastát na bpríosún nuair a bheas sé críochnaithe, faoi mar atá leagtha síos sna gealltanais sa Chlár don Rialtas.

Ar ndóigh is é an tionscnamh is ardaidhmí sa chlár seo, malartú an cheithre phríosún ar champas Muinseo le príosún nua ag Halla Bhaile na Sceach i dTuaisceart Chontae Bhaile Átha Cliath.

Ba mhór an t-ábhar díomá dúinn é go raibh orainn tarraingt siar ó idirphle leis an Léargas Consortium, mar gheall ar an staid eacnamíochta domhanda go príomha, agus toisc go raibh an costas a ghabhfadh leis an tionscnamh faoi mar a pleanáadh é ag an tús ag dul i méid de shíor. Mar sin féin, maolaidh go mór an díoma seo nuair a athdheimhnigh an Rialtas chomh tapaidh sin a ghealltas campas príosúin nua a fhorbairt ag Halla Bhaile na Sceach agus nuair a d'fhaomhaigh sé seoladh próiseas nua tairiscintí do thógáil príosun níos inacmhainne agus campas príosúin de luach níos fearr ag Baile na Sceach. Ní mór a aithint go raibh tacaíocht an Aire fiorthábhachtach i mbaint amach an ghealltanais sin.

Is é an cuspóir i gcónaí cóiríocht ardcháilíochta, réimeasdírithé a chur ar fail mar aon le háiseanna tacaíochta agus athshlánaithe le príosúnaigh a ullmhú le haghaidh athimeascadh sa sochái.

Tá an fhorbairt ag dul ar aghaidh anois ar bhonn céimnithe agus is é ata i gceim a haon réamhoibreacha bunúsacha riachtanacha atá de dhíth don bhforbairt ar a bhfuil tógáil bealach rochtana, balla imeallach agus oibreacha seachsuímh.. Fad is atá céim a haon ar siúl, déanfar scrúdú ar an bpróiseas soláthair do na foirgnimh agus áiseanna eile agus cuirfear bailchríoch air. Is é an cuspóir an dearadh agus an próiseas soláthair don phríomh-ilionad príosúin a chríochnú fad is atá céim a haon ag dul ar aghaidh. Cuideoidh an cur chuige seo le tógáil an phríomh-ilionad príosúin a thógáil.

Spásanna príosúin breise

Osclaíodh bloc cóiríochta nua do 123 príosúnach i bPríosún an Chaisleáin Riabhaigh i Meán Fómhair agus osclaíodh bloc nua i bPríosún Phort Laoise a bhfuil cóiríocht ann do 200 príosúnach i mí na Samhna..

Táthar i mbun tionscnamh a mbeidh sé de thoradh orthu go soláthrófar 250 spásanna breise le linn 2010 trí bhloc nua a thógáil i bPríosún an Chuithneachtáin a mbeidh cóiríocht ann do thart fá 200 príosúnach chomh maith le hathoscailt an Aonaid Scarúna i Muinseo a mbeidh 50 spás breise ann.

Táthar ag súil freisin go dtosnófar ar obair i 2010 ar bhloc nua cóiríochta in ilionad Phort Laoise/Lár Tíre a mbeidh cóiríocht ann do 300 príosúnach.

Pandemic (H1N1) 2009

D'oibrigh an tSeirbhís go dlúth le háisíneachtaí sláinte le beartais a chur i bhfeidhm le teorainn a chur le leathnú na Paindeime. Bhí an tSeirbhís páirteach i bpleanáil réamhullmhúcháin a raibh dhá ghné leis, ceann amháin ag leibhéal náisiúnta ag déanamh nascadh le háisíneachtaí ábhartha eile agus ag cur an Plean Náisiúnta Teagmhais le chéile, agus an ceann eile ag leibhéal áitiúil le Coistí Fliú Paindeimeach príosunbhunaithe.

Bhí na rátaí ionfhabhtaíochta i measc na bpríosúnach íseal a bhuíochas d'fhorairdeall na foirne cúraim sláinte ag céim an chimithe, oiliúint leanúnach na bpríosúnach agus na foirne, beartais um chosc ar ionfhabhtú a chuir an fhoireann altramais i bhfeidhm agus bainistiú cúraim na bpríosúnach tinn ag an bhfoireann leighis agus altramais. Bhí comhoibriú eiseamlárach idir na hinsitiúidi le feiceáil i srianadh na gcásanna agus deimhnithe i 2009.

Conclúid

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Bainisteoireacht agus Foireann Sheirbhís Phríosún na hÉireann as a dtiomnacht agus gairmiúlacht leanúnach.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an Aire Dlí agus Athchóirithe Dlí, Ard-Rúnaí na Roinne agus a fhoireann uile, go háirithe i Rannóg na bPríosun agus Pholasaí Promhaidh, as a gcúnamh agus tacaíocht. .

I ndeireadh thiar thall ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Cathaoirleach agus Baill Bhord Eadramhach an Údaráis Phríosúin as a dtacaíocht agus a dtiomnacht don tSeirbhís Phríosúin.

Brian Purcell
Ard-Stiúrthóir

Forbhreathnú – spléachadh ar staidreamh 2009

Bhí 15,425 cimithe go príosún i 2009, méadú de 13.8% ar an iomlán de 13,557 i 2008 a raibh ansin méadú de 13.6% ar an iomlán i 2007.

Cuireadh 12,339 duine go príosún i 2009 i gcomparaid le 10,928 i 2008, rud arb ionann agus méadú 12.9%. Astu siúd bhí 88.2% fireann agus 11.8% bainneann.

Cimithe le linn 2009

- Bhí méadu de 2,822 nó 35% sa líon daoine a cimíodh go príosún faoi phianbhreith i 2009 (10,865) thar 2008 (8,043).
- Bhí méadu de 7.7% ar líon na bpríosúnach ag cur isteach 10 mbliana nó níos mó ó 65 i 2008 go 70 in 2009. Leanann sé sin méadú de 38.3% sa chatagóir seo i 2008 agus méadu 114% ann i 2007.
- Bhí méadú de 35.5% i líon na bpríosúnach a bhí ag cur isteach pianbhreitheanna sa chatagóir 3 go 5 bliana thar an líon i 2008 (346 i 2008 go 469 in 2009). Bhí méadú de 80% ar líon na ndaoine a cimíodh sa chatagóir pianbhreitheanna seo do chionta drugaí (ó 77 i 2008 go 139 i 2009).
- Bhí méadú de beagnach 63% ar chimithe faoi phianbhreitheanna níos lú ná 3mhí thar an líon i 2008, i.e., ó 3,526 go 5,750.
- Bhí méadu de 60% ar líon na gcimithe do chionta tráchta bóthair i 2009 thar an líon i 2008, i.e., ó 2,254 i 2008 go 3,601 i 2009). Bhí níos lú ná 3 mhí i gceist i 71.7% de na pianbhreitheanna sa chatagóir seo..
- Bhí méadú suntasach i líon na ndaoine a cimíodh as neamhíocaíocht ar fhíneáil chúirtordaithe le linn 2009. Bhí méadú de 91% sa chatagóir seo ar an líon i 2008 - ó 2,520 i 2008 go 4,806 i 2009. Leanann sé sin méadú de 88.7% i 2008.

Bhí 673 cimithe i 2009 maidir le cúrsaí inimirce agus bhí 669 cimí i gceist. Is ionann é sin agus laghdú de 30.4% ar an 961 duine a bhí curtha i gcoimeád i 2008 agus leanann sé laghdú de 16% sa chatagóir seo i 2007.

- Bhí níos lú ná 8 lá i gceist le 490 nó 73%, de na cimithe seo.
- Ba é 10 an meánlíon laethúil de dhaoine faoi choimeád sa chatagóir seo.

Alaghráf de dhaonra na bpríosún ar 4 Nollaig 2009

- Léirigh an t-alaghráf méadú de 9.3% beagnach ar líon na ndaoine faoi choimeád (4,040) thar líon 2008 (3,695)
- Bhí 3,418 díobhsan a bhí faoi choimeád ar 4 Nollaig ag cur isteach pianbhreitheanna agus bhí 74% díobh ag cur isteach pianbhreitheanna de dhá bhliain nó níos mó.
- Bhí 292 duine ag cur isteach pianbhreitheanna as cionta gnéis, méadú de 6.2% ar líon 2008, 275.
- Bhí líon na ndaoine ag cur isteach pianbhreitheanna as cionta drugaí (760) 34% níos airde ná mar a bhí i 2008 (567).
- Bhí 49 ciontóir ag cur isteach pianbhreitheanna de níos lú ná 3 mhí rud arbh ionann agus 1.2% de dhaonra na bpríosún.
- Bhí 25 duine i bpríosún as neamh-íocaíocht fíneálacha rud arb ionann agus 0.6% de dhaonra na bpríosún. Ní raibh aon duine sa phríosún as neamhíocaíocht fiacha.

Ba é €77,222 an meánchostas ar spás príosúin a chur ar fáil i 2009. Laghdú de €15,495 nó 16.7% a bhí ansin ar an gcostas i 2008 (€92,717). Is féidir an laghdú sa meánchostas a leagadh ar dhá chúis:

- laghdú ar an gcostas iomlán de €17.7 milliún (ar bhain €15.5 milliún de le costais pá); agus
- Méadú de 495 ar líon na leapacha ó 3,611 mar a bhí ar 31 Nollaig 2008 go 4,106 mar a bhí ar 31 Nollaig 2010.

Caibidil 1

Ráiteas Misin

Is é is misean do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann daoine a chuirtear go príosún a choimeád slán sábháilte ar bhonn daonnachtúil. Tá an tseirbhís tiomanta do bhainistiú pianbhreitheanna coimeádta ar bhealach a spreagann na príosúnaigh ina n-iarrachtaí saol a bheith acu a mbeadh cuspóir leis go mbeidís géilliúil don dlí agus ina mbaill fhiúntacha den tsochaí, agus tacaíocht a thabhairt dóibh.

An Eagraíocht

Tá an fhreagracht pholaitiúil as an gcóras príosúin in Éirinn dílsithe san Aire Dlí agus Athchóirithe Dlí. Feidhmíonn Seirbhís Phríosúin na hÉireann mar ghníomhaireacht fheidhmeannachta taobh istigh den Roinn Dlí agus Athchóirithe Dlí. Tá Ard-Stiúrthóir i gceannas agus tacaíocht aige ó 7 Stiúrthóirí. Cuireann Bord eatramhach neamhfheidhmiúcháin Údarás na bPríosún comhairle agus treoir ar fáil maidir le bainistiú an chórais phríosúin.

Bíonn Seirbhís Phríosúin na hÉirann ag plé le ciontóirí fireannacha atá in aois a 16 nó níos sine agus ciontóirí baineanacha atá in aois a 17 nó níos sine.

Riaraítear Seirbhís Phríosúin na hÉireann go lárnach agus tá a ceannáras suite i mbaile an Longfoirt.

Buiséad agus Soláthar Foirne

Ba é €379.319 an buiséad bliantúil do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann i 2009.

Ag deireadh 2009 bhí foireann de 3568 i Seirbhís Phríosúin na hÉireann ag cur san áireamh gráid shibhialta agus foireann ceannárais.

Creat Reachtúil

Feidhmíonn an tSeirbhís Phríosúin taobh istigh de chreat reachtúil ar a bhfuil:

- na hAchtanna Príosún, an ceann is déanaí, Acht na bPríosún 2007 san áireamh,
- forálacha ábhartha i reachtanna eile, ar nós Acht na bPríosún (Coistí Cuairtíochta), 1925, an tAcht um Cheartas Coiriúil, 1960, an tAcht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Éagsúla), 1997, an tAcht um Cheartas Coiriúil, 2007, achtanna eile um cheartas coiriúil agus na hAchtanna um Aistriú Daoine faoi Phianbhreith, 1995 agus 1997 agus

- Rialacha um Rialú na bPríosún, 2007.

Maidir le daoine a choimeádtar ar chúiseanna a bhaineann le hinimirce is iad na príomhfhorálacha reachtúla na hAchtanna Inimirce 1999, 2003 agus 2004, na rialacháin a ghabhann leo, an tAcht um Inimircigh Neamhdhleathacha (Gáinneáil) 2000 agus Acht na nDídeanaithe 1996.

Tugann an tSeirbhís Phríosúin aird chuí freisin ar Choinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe agus na hEorpa um Chearta an Duine, Rialacha Caighdeánacha Íosta na Náisiún Aontaithe faoi Chóireáil Príosúnach, Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pianóis eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach, Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta Sibhialta agus Polaitiúla agus an Coinbhinsiún Eorpach um Chosc ar Chéastóireacht agus ar Íde nó Pianóis eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach.

Bunluachanna

Maidir leis an tSeirbhís Phríosúin:

- Aithníonn sí a dualgas freastal ar an bpobal le meas iomlán ar dhínit dhaonna agus cearta an uile dhuine, bíodh sé/sí faoi choimeád nó sa phobal mór
- Aithníonn sí go bhfuil dualgas uirthi cuidiú le gach ciontóir maireachtáil mar dhuine atá géilliúil don dlí agus gur féidir leis an tSeirbhís cur lena gcumas é sin a bhaint amach
- Creideann sí go mba cheart a chur ar fáil don uile dhuine faoi choimeád tosca agus seirbhísí a bheas cuí dá leas agus dá bhforás pearsanta
- Tá sí tiomanta do mhaolú a dhéanamh ar thorthaí díobháileacha na príosúnachta
- Déanann sí iarracht cuidiú le príosúnaigh, sa mhéid agus is féidir agus is cuí, caidreamh a choinneáil lena muintir
- Tá meas aici ar na hacmhainní atá ar fáil di, go háirithe an fhoireann ar fad atá ag obair sa chóras príosúin arb iad an sochar is tábhachtaí i gcomhlíonadh mhisean na Seirbhíse
- Tá sí tiomanta do bheith cúirtéiseach agus cothrom ina beartaíocht uile
- Glacann sí leis go bhfuil sí freagrach as a gníomhartha agus déanann sí iarracht an fhreagracht sin a léiriú go poiblí.

Príosúin na hÉireann

Tá 14 institiúid i gcóras príosúin na hÉireann ina bhfuil 11 insitiúid "iata" thraidisiúnta, dhá ionad oscailte, a fheidhmíonn le slándáil íosta inmheánach agus imlíneach, agus saoráid "leathoscailte" amháin le slándáil imlíneach traidisiúnta ach slándáil inmheánach íosta (an tAonad Oiliúna). Tá tromlach na bpríosúnach baineann faoi choimeád san Ionad Dóchais agus an chuid eile acu i bPríosún Luimnigh.

| | |
|---|--|
| <p>Príosún Mhuinseo An Cuarbhóthar Thuaidh Baile Átha Cliath 7 Teil: 01 8062800 Faics: 01 8062824</p> <p>Gobharnóir: Mr John Lonergan</p> <p>Acmhainn Feidhmiúcháin: 590</p> <p>Príosún iata, meánslándála é Príosún Mhuinseo d'fhireannaigh ina aois a 17 nó níos sine. Is é an príomhphríosún cimithe do chathair agus contae Bhaile Átha Cliath é agus is é an institiúid pianóis is mó sa Stát.</p> <p>Daonra na bPríosúnach: Ba é 632 an meánlíon laethúil faoi choimeád i 2009.</p> | <p>An tIonad Dóchais An Cuarbhóthar Thuaidh Baile Átha Cliath 7 Teil: 01 8858987 Faics: 01 8858910</p> <p>Gobharnóir: Ms Kathleen McMahon</p> <p>Acmhainn Feidhmiúcháin: 85</p> <p>Príosún iata, meánslándála é an tIonad Dóchais do bhaineannaigh in aois a 18 nó níos sine. Is é an príomhphríosún cimithe é do bhaineannaigh ar athchur nó faoi phianbhreith ó gach cúirt taobh amuigh de cheantar na Mumhan.</p> <p>Daonra na bPríosúnach: Ba é 110 an meánlíon laethúil faoi choimeád i 2009.</p> |
| <p>Foras Naomh Pádraig An Cuarbhóthar Thuaidh Baile Átha Cliath 7 Teil: 01 8062896 Faics: 01 8307705</p> <p>Gobharnóir: Mr Colm Barkley</p> <p>Acmhainn Feidhmiúcháin: 217</p> <p>Ionad coinneála iata, meánslándála é Foras Naomh Pádraig d'fhireannaigh 16 go 21 bliana d'aois agus tugann sé cóiríocht do phríosúnaigh athchurtha agus faoi phianbhreith araon.</p> <p>Daonra na bPríosúnach: Ba é 221 an meánlíon laethúil i 2009.</p> | <p>Príosún Chorcaí Bóthar an Ráth Mhóir Cathair Chorcaí Teil: 021 4518800 Faics: 021 4518860</p> <p>Gobharnóir: Mr James Collins</p> <p>Acmhainn Feidhmiúcháin: 272</p> <p>Príosún iata, meánslándála é Príosún Chorcaí d'fhireannaigh in aois a 18 nó níos sine. Is é an príosún cimithe do na contaetha, Corcaigh, Ciarraí agus Port Láirge.</p> <p>Daonra na bPríosúnach: Ba é 298 an meánlíon laethúil de dhaoine faoi choimeád i 2009.</p> |
| <p>Príosún Luimnigh Sráid Mulgrave Luimneach Teil: 061 204700 Faics: 061 415116</p> | <p>Príosún an Chaisleáin Riabhaigh Cluain Salach An Caisleán Riabhach Co Ros Comáin Teil: 094 96 25213</p> |

| | |
|---|--|
| <p>Gobharnóir: Mr Tadhg O’Riordan</p> <p>Acmhainn Feidhmiúcháin: 290 (fireannaigh) agus 20 (baineannaigh)</p> <p>Príosún iata meánslándála é Príosún Luimnigh d’fhireannaigh agus baineannaigh in aois a 17 nó níos sine. Is é an príosún cimithe é d’fhireannaigh ó na contaetha, An Clár, Luimneach agus Tiobraid Árann agus do bhaineannaigh ón sé chontae sa Mhumhain.</p> <p>Daonra na bPríosúnach: Ba é 298 fireannach agus 22 baineannach meánlíon laethúil na ndaoine faoi choimeád i 2009.</p> | <p>Faics: 094 96 26226</p> <p>Gobharnóir: Mr Martin Reilly</p> <p>Acmhainn Feidhmiúcháin: Méadáiódh acmhainn Phríosún an Chaisleáin Riabhaigh go 351 le linn 2009.</p> <p>Príosún iata, meánslándála é Príosún an Chaisleáin Riabhaigh d’fhireannaigh in aois a 17 nó níos sine. Is é an príosún cimithe do phríosúnaigh chimithe agus faoi phianbhreith i gConnachta agus glacann sé freisin le cimithe ó na contaetha, An Cabhán, Dún na nGall agus An Longfort.</p> <p>Daonra na bPríosúnach: Ba é 306 meánlíon laethúil na ndaoine faoi choimeád i 2009.</p> |
| <p>Príosún Chnoc Seimre Bóthar Chnoc Seimre Cluain Dolcáin Baile Átha Cliath 22 Teil: 01 6304530 / 01 6304531 Faics: 01 6304580</p> <p>Gobharnóir: Mr Sean Quigley</p> <p>Acmhainn Feidhmiúcháin: 431</p> <p>Príosún iata, meánslándála é Príosún Chnoc Seimre d’fhireannaigh in aois a 17 agus níos sine agus is iad a bhíonn ann go príomha príosúnaigh ar athchur atá cimithe ó cheantar Laighean.</p> <p>Daonra na bPríosúnach: Ba é 448 an meánlíon laethúil de dhaoine i gcoimeád i 2009.</p> | <p>Príosún an Chruithneachtáin Bóthar Chnoc Seimre Cluain Dolcáin Baile Átha Cliath 22 Teil: 01 6209400 Faics: 01 6209430</p> <p>Gobharnóir: Mr John Sugrue</p> <p>Acmhainn Feidhmiúcháin: 430</p> <p>Príosún iata, meánslándála é Príosún an Chruithneachtáin d’fhireannaigh in aois a 17 nó níos sine. Is é an príosún cimithe do na contaetha, Lú, An Mhí, Muineachán, Loch Garman agus Cill Mhantáin.</p> <p>Daonra na bPríosúnach: Ba é an meánlíon laethúil de dhaoine faoi choimeád i 2009 ná 426.</p> |
| <p>Príosún Phort Laoise Bóthar Bhaile Átha Cliath Port Laoise Co Laoise Teil: 057 86 21318 Faics: 057 86 20997</p> | <p>Príosún Chnoc an Arbhair Cnoc an Arbhair Baile Átha Cliath 7 Teil: 01 6719333 Faics: 01 6799518</p> |

| | |
|--|---|
| <p>Gobharnóir: Mr Edward Whelan</p> <p>Acmhainn Feidhmiúcháin: Méadóidh an acmhainn go 399 le linn 2009.</p> <p>Príosún iata, ardslándála é Príosún Phort Laoise d'fhireannaigh in aois a 17 nó níos sine. Is é an príosún cimithe é doibh siúd a chuireann an Chúirt Choiriúil Speisialta faoi choimeád agus ar na príosúnaigh a choinnítear anseo tá daoine a bhí nasctha le coiriúlacht threasrach.</p> <p>Daonra na bPríosúnach: Ba é 119 an meánlíon laethúil de dhaoine a bhí faoi choimeád i 2009.</p> | <p>Gobharnóir: Mr Liam Dowling</p> <p>Acmhainn Feidhmiúcháin: 148</p> <p>Príosún iata, meánslándála é d'fhireannaigh in aois a 17 nó níos sine. Ar an iomlán is príosúnaigh faoi phianbhreitheanna fada iad.</p> <p>Daonra na bPríosúnach: Ba é 154 an meánlíon laethúil de dhaoine faoi choimeád i 2009.</p> |
| <p>An tAonad Oiliúna Paráid Ghleann Garbh An Cuarbhóthar Thuaidh Baile Átha Cliath 7 Teil: 01 8062890 Faics: 01 8307460</p> <p>Gobharnóir: Mr Declan Murphy</p> <p>Acmhainn Feidhmiúcháin: 107</p> <p>Príosún leathoscailte, íos-slándála é An tAonad Oiliúna d'fhireannaigh in aois a 18 nó níos sine, le béim mhór ar obair agus oiliúint.</p> <p>Daonra na bPríosúnach: Ba é 112 an meánlíon laethúil de dhaoine faoi choimeád i 2009.</p> | <p>Príosún an Láir Tíre Bóthar Bhaile Átha Cliath Port Laoise Co Laoise Teil: 057 86 72110 / 72100 Faics: 057 86 72219</p> <p>Gobharnóir: Mr Edward Whelan</p> <p>Acmhainn Feidhmiúcháin: 516</p> <p>Is príosún iata, meánslándála é Príosún an Láir Tíre d'fhireannaigh in aois a 17 nó níos sine. Is é an príosún cimithe é do na contaetha, Ceatharlach, Cill Dara, Cill Chainnigh, Laois, Uíbh Fhailí agus an Iarmhí.</p> <p>Daonra na bPríosúnach: Ba é 512 meánlíon laethúil na ndaoine faoi choimeád i 2009.</p> |
| <p>Teach an Locháin Ionad Oscailte Theach an Locháin An Blaic Co an Chabháin Teil: 071 9853059 Faics: 071 9853234</p> <p>Gobharnóir: Mr Martin Reilly</p> | <p>Teach na gCanónach An tInbhear Mór Co Chill Mhantáin Teil: 0402 32140 Faics: 0402 39924</p> <p>Gobharnóir: Mr Michael Lawton</p> |

Acmhainn Feidhmiúcháin: 150

Príosún oscailte, íos-slándála é Teach an Locháin d'fhireannaigh in aois a 18 nó níos sine a meastar go n-oireann leibhéal níos ísle slándála dóibh.

Daonra na bPríosúnach: Ba é 129 meánlíon laethúil na ndaoine faoi choimeád.

Acmhainn Feidhmiúcháin: 100

Príosún oscailte, íos-slándála é Teach na gCanónach d'fhireannaigh in aois a 19 nó níos sine a meastar go n-oireann leibhéal níos ísle slándála dóibh.

Daonra na bPríosúnach: Ba é 94 meánlíon laethúil na ndaoine faoi choimeád i 2009.

Caibidil 2

Coimeád na bPríosúnach

Daonra na bPríosún ar lá amháin

Is dócha gurb é próifíl na bpríosún ar aon lá ar leith an slat tomhais is fearr ar phróifíl na bpríosúnach atá sa chóras.

Ar 4 Nollaig 2009, bhí iomlán de 4,040 i ndaonra na bpríosún, ar a raibh:

| | |
|---------------------------------------|-------|
| Faoi phianbhreith | 3,418 |
| Ar Athchur/Ag Fanacht ar Thriail/Eile | 602 |
| Inimirce | 20 |

Is ionann an líon daoine faoi choimeád (4,040) agus méadú beagnach 9.3% ar a chomhionann de líon i 2008 (3,695).

San iomlán seo bhí 264 ciontóirí faoi phianbhreitheanna do dhúnmharú agus 71 do dhúnorgain. Bhí 760 ciontóirí i gceist maidir le cionta drugaí agus 170 maidir le cionta tráchta bóthair.

Bhí 264 príosúnach faoi phianóis saoil agus 241 eile faoi phianbhreithanna cinnte de dheich mbliain nó níos faide, agus orthu siúd bhí 9% agus 8.2% den daonra iomlán faoi seach.

Bhí 276 príosúnach ag cur isteach pianbhreitheanna saoil agus 283 ag cur isteach pianbhreitheanna de thréimhsí cinnte de dheich mbliana nó níos mó, agus b'ionann iad siúd agus 6.8% agus 7% fá seach.

Maidir le príosúnaigh atá ag fulaingt pianbhreithanna níos gaire, bhí 49 ciontóirí faoi phianbhreitheanna de níos lú ná 3 mhí arbh ionann iad agus 1.2% de dhaonra na bpríosún. Bhí 25 duine i bpríosún de bharr neamhíocaíocht fiach nó fíneálacha, arbh ionann iad agus 0.6% de dhaonra na bpríosún.

Maidir le náisiúnacht de, ba Éireannaigh iad 89.2% d'iomlán na ndaoine faoi choimeád ar 4 Nollaig 2009.

Tábla 2.1 : Próifíl Phianbhreithe na bPríosúnach faoi choimeád ar 4 Nollaig 2009

| | Baineannach | Fireannach | Iomlán |
|------------------|-------------|-------------|--------------|
| <3 Mhí | 1 | 48 | 49 |
| 3 to <6 Mhí | 4 | 88 | 92 |
| 6 to <12 Mhí | 17 | 309 | 326 |
| 1 to <2 Bhliain | 1219 | 404 | 423 |
| 2 to <3 Bliana | 20 | 398 | 418 |
| 3 to <5 Bliana | 23 | 744 | 767 |
| 5 to <10 mBliain | 120 | 764 | 784 |
| 10+ Blianta | 3 | 280 | 283 |
| Pianós Saoil | 5 | 271 | 276 |
| Iomlán | 112 | 3306 | 3,418 |

Tábla 2.2 : Próifíl Chionta na bPríosúnach faoi choimeád faoi phianbhreith ar 4 Nollaig 2009

| | Bain. | Fir. | Iomlán | % |
|---|------------|-------------|-------------|-------------|
| Iomlán Grúpa 1 : | | | | |
| Cionta in aghaidh an Duine | 36 | 1117 | 1153 | 33.7 |
| DÚNMHARÚ | 5 | 259 | 264 | 7.7 |
| DÚNORGAIN | 5 | 66 | 71 | 2.1 |
| CIONTA GNÉIS | 1 | 291 | 292 | 8.5 |
| CIONTA EILE IN AGHAIDH AN DUINE | 25 | 501 | 526 | 15.4 |
| lonsaí | 6 | 139 | 145 | |
| lonsaí is trúig dhíobhála | 17 | 192 | 209 | |
| lonsaí ar Gharda | 0 | 5 | 5 | |
| lonsaí is trúig dhíobhála coirp | 1 | 15 | 16 | |
| <i>Cionta eile sa chatagóir seo</i> | 1 | 150 | 151 | |
| Iomlán Grúpa 2 : | | | | |
| Cionta in aghaidh Sealúis le foréigean | 2 | 100 | 102 | 3 |
| Iomlán Grúpa 3 : | | | | |
| Cionta in aghaidh Sealúis gan fhoréigean | 37 | 904 | 941 | 27.5 |
| Goid | 23 | 210 | 233 | |
| Damáiste Coiriúil | 1 | 99 | 100 | |
| Buirgléireacht - Iomlán | 6 | 191 | 197 | |
| Robáil | 4 | 261 | 265 | |
| Láimhseáil Sealúis Ghoidte | 0 | 26 | 26 | |
| Dul isteach ar fhoirgneamh agus é ar intinn cion a dhéanamh | 0 | 9 | 9 | |
| <i>Cionta eile sa chatagóir seo</i> | 3 | 108 | 111 | |
| Iomlán Grúpa 4 : | | | | |
| Cionta Eile | 37 | 1185 | 1222 | 35.8 |
| Cionta Drugaí | 27 | 733 | 760 | 22.2 |
| Cionta Tráchtá Bóthair | 3 | 167 | 170 | 5 |
| Gan árachas (Úinéir/Úsáideoir) | 1 | 42 | 43 | |
| Tiomáint Mheisciúil (Anáil/Fuil/Mún/Gan Shampla) | 0 | 9 | 9 | |
| Tiomáint Chontúirteach (ag cuimsiú Bás/Dochar Coirp) | 2 | 50 | 52 | |
| Gabháil mótarfheithicle gan údarás | 0 | 41 | 41 | |
| Carraeireacht gan údarás i/ar mhótarfheithicil | 0 | 8 | 8 | |
| <i>Cionta eile sa chatagóir seo</i> | 0 | 12 | 12 | |
| Cionta Eile | 8 | 310 | 318 | 10.8 |
| Cionta Arm Tine | 0 | 116 | 116 | |
| Iompraíocht Bhagrach/Dhíblithe | 0 | 19 | 19 | |
| Ar meisce go poiblí | 0 | 3 | 3 | |
| Loiceadh ar ghéilleadh do Gharda (Toirmeasc/Comhrac in aghaidh gabhála) | 0 | 15 | 15 | |
| Seilbh ar sceana agus earraí eile (earraí áirithe/smeachsceana/gléas troda etc) | 0 | 32 | 32 | |
| Loiceadh ar theacht i láthair (Bundáta a ceapadh/Dáta athchuir eile) | 2 | 10 | 12 | |
| Sárú ar Ordú | 1 | 16 | 17 | |
| Urchoisc(Eatramhach/Cosanta/Sábháilteachta) | 1 | 16 | 17 | |
| Loiceadh ar Thuairisceáin Cháin Ioncaim a dhéanamh | 0 | 2 | 2 | |
| <i>Cionta eile sa chatagóir seo</i> | 4 | 72 | 76 | |
| Iomlán | 112 | 3306 | 3418 | 100 |

Tábla 2.3: Daoine i gCoimeád faoi Phianbhreith ar 4 Nollaig 2009 - Cionta rangaithe de réir fad pianóis

| | <3 Mhí | 3 to <6 Mhí | 6 to <12 Mhí | 1 to <2 BI | 2 to <3 BI | 3 to <5 BI | 5 to <10 BI | 10+ BI | Saol | Iomlán |
|--|-----------|-------------|--------------|------------|------------|------------|-------------|------------|------------|--------------|
| Dúnmharú | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | *5 | 259 | 264 |
| Dúnorgain | 0 | 0 | 0 | 0 | 2 | 4 | 43 | 19 | 3 | 71 |
| Cionta Gnéis | 0 | 0 | 4 | 15 | 24 | 57 | 107 | 75 | 10 | 292 |
| Cionta eile in aghaidh an Duine | 3 | 13 | 42 | 94 | 112 | 158 | 80 | 21 | 3 | 526 |
| Cionta in aghaidh sealúis le foréigean | 0 | 0 | 1 | 5 | 14 | 31 | 29 | 22 | 0 | 102 |
| Cionta in aghaidh sealúis gan fhoréigean | 12 | 31 | 142 | 201 | 152 | 242 | 148 | 12 | 1 | 941 |
| Ciomta Drugaí | 3 | 10 | 28 | 32 | 77 | 190 | 301 | 119 | 0 | 760 |
| Cionta Tráchta Bóthair | 6 | 15 | 57 | 40 | 15 | 25 | 12 | 0 | 0 | 170 |
| Cionta eile | 25 | 23 | 52 | 36 | 22 | 60 | 64 | 10 | 0 | 292 |
| Iomlán | 49 | 92 | 326 | 423 | 418 | 767 | 784 | 283 | 276 | 3,418 |

Tábla 2.4: Aoisphróifil na bPríosúnach faoi choimeád ar 4 Nollaig 2009

| | Baineannach | Fireannach | Iomlán |
|---------------|-------------|-------------|-------------|
| 16 | 0 | 8 | 8 |
| 17 | 0 | 31 | 31 |
| 18 - < 21 | 9 | 287 | 296 |
| 21 - < 25 | 19 | 644 | 663 |
| 25 - < 30 | 24 | 782 | 806 |
| 30 - < 40 | 37 | 876 | 913 |
| 40 - < 50 | 15 | 447 | 462 |
| 50+ | 8 | 231 | 239 |
| Iomlán | 112 | 3306 | 3418 |

Tábla 2.5 : Náisiúntacht daoine faoi choimeád faoi phianbhreith ar 4 Nollaig 2009

| | Bain. | Fir. | Iomlán | % |
|---------------------|------------|-------------|-------------|--------------|
| Éireannach | 92 | 2958 | 3050 | 89.2 |
| An Ríocht Aontaithe | 9 | 70 | 79 | 2.3 |
| Aontas Eorpach eile | 3 | 174 | 177 | 5.2 |
| Eorpach eile | 0 | 18 | 18 | 0.5 |
| Afracach | 4 | 52 | 56 | 1.6 |
| Áiseach | 1 | 21 | 22 | 0.6 |
| Meiriceá Láir/Theas | 2 | 8 | 10 | 0.3 |
| Meiriceá Thuaidh | 0 | 4 | 4 | 0.1 |
| An Astráilaise | 1 | 1 | 2 | 0.1 |
| Iomlán | 112 | 3306 | 3418 | 100.0 |

Tábla 2.6: Fiachóirí agus Loiceadóirí Fíneála faoi choimeád ar 4 Nollaig 2009

| | Bain. | Fir. | Iomlán |
|----------------------|----------|-----------|-----------|
| Fiachóirí | 0 | 0 | 0 |
| Pianbhreith Fhíneála | 1 | 24 | 25 |
| Iomlán | 1 | 24 | 25 |

Líon laethúil na bpríosúnach faoi choimeád

Bhí an chuid ba mhó de na príosúin lán nó líonta thar fóir i 2009. Bá é 3,881 meánlíon na bpríosúnach faoi choimeád ar bhonn laethúil.

Tábla 2.7: Meánlíon laethúil na bpríosúnach i ngach institiúid 2009

| Institiúid | Leapacha | Meánlíon faoi choimeád | % Leapacha | TR in-athbhreithnithe | Iomlán | Ciontóirí gnéis | Baint le hinimirce |
|--------------------------|-------------|------------------------|------------|-----------------------|-------------|-----------------|--------------------|
| Cnoc an Arbhair | 148 | 154 | 104% | 1 | 155 | 97 | 0 |
| An Caisleán Riabhach | 351 | 306 | 87% | 35 | 341 | 24 | 1 |
| Cnoc Seimre | 431 | 448 | 104% | 9 | 457 | 0 | 6 |
| Corcaigh | 272 | 298 | 110% | 76 | 374 | 5 | 0 |
| Luimneach (b) | 20 | 22 | 110% | 15 | 37 | 0 | 0 |
| Luimneach (f) | 290 | 298 | 103% | 41 | 339 | 1 | 1 |
| An Lochán | 150 | 129 | 86% | 26 | 155 | 0 | 0 |
| Lár Tíre | 516 | 512 | 99% | 40 | 552 | 100 | 0 |
| Muinseo (b) | 85 | 110 | 129% | 63 | 173 | 1 | 2 |
| Muinseo (f) | 590 | 632 | 107% | 171 | 603 | 1 | 0 |
| Port Laoise | 399 | 119 | 30% | 1 | 120 | 0 | 0 |
| Teach na gCanónach Naomh | 100 | 94 | 94% | 12 | 106 | 0 | 0 |
| Pádraig | 217 | 221 | 102% | 13 | 234 | 3 | 0 |
| Aonad Oiliúna | 107 | 112 | 105% | 6 | 118 | 0 | 0 |
| Cruithneachtán | 384 | 388 | 101% | 12 | 400 | 79 | 0 |
| Iomlán | 4106 | 3881 | 95% | 535 | 4416 | 232 | 10 |

*Ba é 3,881 meánlíon laethúil na bpríosúnach faoi choimeád i 2009 i gcomparáid le 3,554 i 2008.

*Ba é 132 meánlíon na gciontóirí bainneannacha faoi choimeád i 2009 i gcomparáid le 124 i 2008.

CIMITHE

Líon na gcimithe go príósún i 2009

Bhí iomlán de 15,425 cimithe go príósún i 2009. Bhain an 15,425 cimithe le 12,339 daoine. D'fhéadfadh duine a bheith cimithe níos mó ná uair amháin dá gcimeofaí é/í níos mó ná uair amháin sa bhliain..

Bhí iomlán de 15,425 cimithe go príósún i gcomparáid le 13,557 i 2008, méadú de 13.8%.

Ar an iomlán de 15,425 bhí:

- 10,226 cimithe faoi phianbhreith,
- 4,519 cimithe ar athchur,
- 673 cimithe faoi dhlí na hinimirce agus
- 7 cimithe le haghaidh díspeagadh cúirte

Tábla 2.8 Cimithe go príósún 2001 to 2009

| Bliain | Iomlán | Athrú ón bhliain roimhe | Daoine | Athrú ón bhliain roimhe | Fir. | Bain. |
|--------|--------|-------------------------|--------|-------------------------|-------|-------|
| 2001 | 12,127 | | 9,539 | | 8,616 | 923 |
| 2002 | 11,860 | -2.2% | 9,716 | 1.9 | 8,673 | 1,043 |
| 2003 | 11,775 | -0.7% | 9,814 | 1.0 | 8,669 | 1,145 |
| 2004 | 10,657 | -9.5% | 8,820 | -10.1 | 7,914 | 906 |
| 2005 | 10,658 | 0.0% | 8,686 | -1.5 | 7,780 | 906 |
| 2006 | 12,157 | 14.1% | 9,700 | 11.7 | 8,740 | 960 |
| 2007 | 11,934 | -1.8% | 9,711 | 0.1 | 8,556 | 1,155 |
| 2008 | 13,557 | 13.6% | 10,928 | 12.5 | 9,703 | 1,225 |
| 2009 | 15425 | 13.80% | 12339 | 12.9 | 10880 | 1459 |

Líon na ndaoine a cimíodh go príósún i 2009

Bhí iomlán de 12,339 duine i gceist sna 15,425 cimithe. Baineann an figiúr seo le daoine a bhí nuachimithe go príósún (i.e. Nach raibh cheana féin ar athchur nó ag cur pianbhreith eile isteach. Is ionann é sin agus méadú de 12.9 faoin gcéad ar an iomlán de 10,928 duine i 2008.

Aois agus Inscne na ndaoine a cimíodh go príósún i 2009

Ba é an céatadan de réir inscne daoine a cimíodh 88.2% d'fhireannaigh agus 11.8% de bhaineannaigh i gcomparáid le na figiúir i 2008, 88.8% d'fhireannaigh agus 11.2% de bhaineannaigh.

Tábla 2.9 :Aois agus Inscne daoine a cimíodh go príosún i 2009

| Aois (Blianta) | Bain. | Fir. | Iomlán | % |
|----------------|--------------|---------------|---------------|--------------|
| 16 | 0 | 91 | 91 | 0.7 |
| 17 | 1 | 138 | 137 | 1.1 |
| 18 - < 21 | 156 | 1,333 | 1,489 | 12.1 |
| 21 - < 25 | 292 | 2,371 | 2,663 | 21.6 |
| 25 - < 30 | 337 | 2,377 | 2,714 | 22.0 |
| 30 - < 40 | 428 | 2,765 | 3,193 | 25.9 |
| 40 - < 50 | 191 | 1,261 | 1,452 | 11.8 |
| 50+ | 54 | 546 | 600 | 4.9 |
| Iomlán | 1,459 | 10,880 | 12,339 | 100.0 |
| % | 11.8 | 88.2 | 100.0 | |

Contae agus Tír Dhúchais

Luaigh breis agus trian (35.6%) de na daoine ar fad a cimíodh Baile Átha Cliath mar a gcontae cónaithe. Ba iad Corcaigh le 11.2%, Luimneach le 6.8% agus Gaillimh le 3.5% na contaetha ba mhó a luadh ina dhiaidh sin.

Astu siúd ba Éireannaigh iad 9,330 (75.6%) den iomlán (12,339) arbh ionann é agus méadú de 1,649 nó 21.5% ar a chomhionann d'fhigiúir i 2008, is é sin 7,681.

Ba shaoránaigh de bhallstáit den Aontas Eorpach (seachas Éireannaigh) 1,635 (13.3%) de na daoine a cimíodh. Eorpaigh eile a bhí i 218 (1.8%), saoránaigh Afracacha 587 (4.8%), saoránaigh Áiseacha 390 (3.2%) agus tháinig 121 (1%) ó Mheiriceá Láir agus Theas. Feach an Tábla thíos le haghaidh tuilleadh sonraí.

Tábla 2.10: Náisiúntacht luaite ag daoine a cimíodh i 2008 & 2009

| Náisiúntacht | 2008 | | 2009 | |
|--|---------------|--------------|--------------|--------------|
| | líon | % | líon | % |
| Éireannach* | 7,681 | 70.3 | 9330 | 75.6 |
| An Ríocht Aontaithe. | 224 | 2.0 | 251 | 2.0 |
| An tAontas Eorpach | 1,227 | 11.2 | 1384 | 11.2 |
| Eorpaigh eile | 278 | 2.5 | 218 | 1.8 |
| Afracach | 757 | 6.9 | 787 | 4.8 |
| Áiseach | 512 | 4.7 | 390 | 3.2 |
| Astráláiseach | 5 | 0.1 | 6 | 0 |
| Meiriceá Láir/Theas | 184 | 1.7 | 121 | 1 |
| Meiriceá Thuaidh | 21 | 0.2 | 20 | 0.2 |
| Gan taifead | 39 | 0.4 | 32 | 0.3 |
| Iomlán | 10,928 | 100.0 | 12339 | 100.0 |
| Aontas Eorpach (Éire san áireamh) | 9,132 | 83.6 | 10965 | 88.9 |
| Aontas Eorpach eile (Ríocht Aontaithe san áireamh) | 1,451 | 13.3 | 1635 | 13.3 |

* tá mionscagadh de réir contaetha cónaithe ar fáil ar ár suíomh idirlín: www.irishprisons.ie

Cimithe faoi phianbhreith

Bhí 10,226 cimithe díreach faoi phianbhreith i 2009. Nuair a chuirtear leis sin 639 príosúnach, a bhí faoi choimeád cheana féin ag tús na bliana ar athchur/ag fanacht ar thriail agus a cimíodh ar ball nuair a ciontaíodh iad, is é 10,865 líon na bpríosúnach i 2008 ar glacadh leo tar éis a gciontaithe.

Fad pianbhreithe

Bhí méadú de 35% (2,822) i líon na ndaoine a cimíodh go príosún faoi phianbhreith i 2009 (iomlán de 10,865) thar 2008 (8,043). Ar na claontaí suntasacha tá:

- Tháinig méadú de 7.7% ar líon na bpríosúnach ag cur isteach 10 mbliain nó níos mó ó 65 ciontóirí i 2008 go 70 i 2009. Leanann sé sin méadú de 38.3% sa chatagóir seo i 2008 agus méadu de 114% sa chatagóir i 2007.
- Bhí méadú de 35.5% ar líon na bpríosúnach ag cur isteach pianbhreitheanna sa chatagóir 3 go 5 bliana thar an figiúr do 2008 (346 i 2008 go 469 i 2009). Bhí méadu de 80% ar líon na ndaoine a cimíodh sa chatagóir fad pianbhreithe seo as cionta drugai (ó 77 i 2008 go 139 i 2009).
- Bhí méadu de 63% ar chimithe do phianbhreitheanna níos ísle ná 3 mhí thar figiúr 2008, i.e., ó 3,526 go 5,750.
- Tháinig méadú de 59% ar líon na gcimithe go príosún i 2009 as cionta tráchta bóthair thar an líon i 2008, i.e., ó 2,254 i 2008 go 3,601 i 2009. Bhí níos lú ná 3 mhí i gceist i 71% de na pianbhreitheanna sa chatagóir seo.

Tábla 2.11: Cimithe faoi phianbhreith de réir aoisghrúpa i 2009

| AOIS (Blianta) | Iomlán | % |
|----------------|--------------|--------------|
| 16 | 53 | 0.5 |
| 17 | 79 | 0.7 |
| 18 - < 21 | 1390 | 12.8 |
| 21 - < 25 | 2561 | 23.6 |
| 25 - < 30 | 2337 | 21.5 |
| 30 - < 40 | 2655 | 24.4 |
| 40 - < 50 | 1260 | 11.6 |
| 50+ | 530 | 4.9 |
| Iomlán | 10865 | 100.0 |

Cimithe de réir grúpa cionta

Baineann Seirbhís Phríosúin na hÉireann leas as ceithre phríomhghrúpa cionta le heolas a chur ar fáil maidir le cineálacha cionta.

Grúpa 1 (Cionta ina aghaidh an duine)

Bhí 994 cimithe faoi phianbhreith i 2009 maidir le cionta in aghaidh an duine, líon arbh ionann é agus 9.1% de iomlán 2009.

Grúpa 2 (Cionta in aghaidh sealúis le foréigean) agus Grúpa 3 (cionta in aghaidh sealúis gan fhoréigean)

Bhí 2,324 cimithe faoi phianbhreith ann i 2009 de bharr cionta in aghaidh sealúis, arbh ionann é agus 21.4% de iomlán 2009.

Grúpa 4 (Cionta eile)

Bhí 7,547 cimithe faoi phianbhreith i 2009 sa ghrúpa seo, a bhain go príomha le cionta drugaí, tráchtá bóthair agus easoird phoiblí agus ba é a bhí ansin 69.5% de iomlán 2009.

Tá miondealú sna Táblaí seo a leanas thíos.

Tábla 2.12: Cimithe faoi phianbhreith i 2009 - miondealú de réir Tuairisc Chionta

| | | | 2009 | | 2008 | |
|---|--------------|--------------|---------------|--------------|--------------|--------------|
| | Female | Male | Total | % | Total | % |
| Iomlán Grúpa 1: Cionta in aghaidh an duine | 64 | 930 | 994 | 9.1 | 939 | 11.7 |
| DÚNMHARÚ | 0 | 19 | 19 | 0.2 | 20 | 0.2 |
| DÚNORGAIN | 1 | 19 | 20 | 0.2 | 12 | 0.1 |
| CIONTA GNÉIS | 1 | 122 | 123 | 1.1 | 120 | 1.5 |
| CIONTA EILE IN AGHAIDH AN DUINE | 62 | 770 | 832 | 7.7 | 787 | 9.8 |
| lonsaí | 34 | 353 | 387 | 3.6 | 412 | 5.1 |
| lonsaí ba thrúig dhíobhála | 24 | 278 | 302 | 2.8 | 220 | 2.7 |
| lonsaí ar Gharda | 1 | 10 | 11 | 0.1 | 19 | 0.2 |
| lonsaí ba thrúig dhíobhála coirp | 1 | 11 | 12 | 0.1 | 13 | 0.2 |
| Cionta eile sa chatagóir seo | 2 | 118 | 120 | 1.1 | 123 | 1.5 |
| Iomlán Grúpa 2: Cionta in aghaidh sealúis le foréigean | 2 | 60 | 62 | 0.6 | 65 | 0.8 |
| Iomlán Grúpa 3: Cionta in aghaidh sealúis gan fhoréigean | 272 | 1,990 | 2,262 | 20.8 | 2,025 | 25.2 |
| Goid | 205 | 735 | 940 | 8.7 | 788 | 9.8 |
| Damáiste Coiriúil | 9 | 388 | 397 | 3.7 | 407 | 5.1 |
| Buirgléireacht - Iomlán | 19 | 307 | 326 | 3.0 | 251 | 3.1 |
| Robáil | 13 | 188 | 201 | 1.8 | 171 | 2.1 |
| Láimhseáil Earraí Goidte | 12 | 95 | 107 | 1.0 | 116 | 1.4 |
| Dul isteach ar fhoirgnimh etc agus é ar intinn cion a dhéanamh | 4 | 80 | 84 | 0.8 | 88 | 1.1 |
| Cionta eile sa chatagóir seo | 10 | 197 | 207 | 1.9 | 204 | 2.5 |
| Iomlán Grúpa 4: Cionta eile | 823 | 6,724 | 7,547 | 69.5 | 5,014 | 62.3 |
| CIONTA DRUGAÍ | 57 | 845 | 902 | 8.3 | 637 | 7.9 |
| CIONTA TRÁCHTA BÓTHAIR | 435 | 3,166 | 3,601 | 33.1 | 2,254 | 28.0 |
| Gan árachas (Úsáideoir/Úinéir) | 149 | 1,149 | 1,298 | 11.9 | 928 | 11.5 |
| Tiomáint Mheisciúil (Fuil/Anáil/Dada/Mún) | 25 | 395 | 420 | 3.9 | 307 | 3.8 |
| Tiomáint Chontúirteach (Míchúramach/Róthapaidh) | 17 | 202 | 219 | 2.0 | 171 | 2.1 |
| Gabháil Mhídhleathach Mótarfheithicle | 0 | 120 | 120 | 1.1 | 96 | 1.2 |
| Gan Diosca a thaispeáint (Árachas/Cáin Bhóthair/TNG/Páirceáil) | 65 | 370 | 435 | 4.0 | 316 | 3.9 |
| Gan Cheadúnas Tiomána (Úinéir/Tiománaí) | 21 | 105 | 126 | 1.2 | 70 | 0.9 |
| Carraireacht gan údarás i/ar mhótarfheithicil | 3 | 38 | 41 | 0.4 | 31 | 0.4 |
| Cionta Tráchta Bóthair eile | 155 | 787 | 942 | 8.7 | 335 | 4.2 |
| CIONTA EILE | 331 | 2,713 | 3,044 | 28.0 | 2,123 | 26.4 |
| Iompraíocht Bhagrah/Dhíbhilithe/Mhaslach in Áit Phoiblí | 49 | 786 | 835 | 7.7 | 569 | 7.1 |
| Cionta Fiachóirí (Loiceadh ar chothabháil a íoc san áireamh) | 13 | 157 | 170 | 1.6 | 255 | 3.2 |
| Ar meisce in áit phoiblí | 19 | 193 | 212 | 2.0 | 192 | 2.4 |
| Loiceadh ar ghéilleadh do threoir ó Gharda | 12 | 195 | 207 | 1.9 | 147 | 1.8 |
| Seilbh ar sceana agus earraí eile | 3 | 103 | 106 | 1.0 | 104 | 1.3 |
| Loiceadh ar theacht i láthair (Dáta Athcuir/Bundáta) | 91 | 320 | 411 | 3.8 | 134 | 1.7 |
| Cionta Airm Thine | 0 | 100 | 100 | 0.9 | 48 | 0.6 |
| Sárú ar Ordú Toirmisc (Eatramhach/Cosanta/Sábháilteachta) | 2 | 61 | 63 | 0.6 | 48 | 0.6 |
| Loiceadh ar thuairisceán cáin ioncaim a dhéanamh | 2 | 88 | 90 | 0.8 | 37 | 0.5 |
| Briseadh Síochána | 2 | 22 | 24 | 0.2 | 21 | 0.3 |
| Cionta eile sa chatagóir seo | 138 | 688 | 826 | 7.6 | 568 | 7.1 |
| Móiriamlán | 1,161 | 9,704 | 10,865 | 100.0 | 8,043 | 100.0 |

Tábla 2.13: Cimithe de réir cionta agus fad Pianbhreithe i 2009

| | <3 Mhí | 3 go <6 Mhí | 6 go <12 Mhí | 1 go <2 BI | 2 go <3 BI | 3 go <5 BI | 5 go <10 BI | 10+ BI | Saol | Iomlán |
|--|--------------|--------------|--------------|------------|------------|------------|-------------|-----------|-----------|---------------|
| Dúnmharú | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 18 | 19 |
| Dúnorgain | 0 | 0 | 0 | 0 | 2 | 0 | 11 | 5 | 2 | 20 |
| Cionta Gnéis | 0 | 6 | 13 | 18 | 23 | 31 | 16 | 14 | 2 | 123 |
| Cionta in aghaidh an duine | 119 | 196 | 172 | 123 | 105 | 91 | 19 | 7 | 0 | 832 |
| Cionta in aghaidh sealúis le foréigean | 6 | 4 | 6 | 11 | 12 | 13 | 10 | 0 | 0 | 62 |
| Cionta in aghaidh sealúis gan fhoréigean | 533 | 488 | 753 | 171 | 146 | 130 | 38 | 3 | 0 | 2,262 |
| Cionta Drugaí | 227 | 113 | 143 | 42 | 79 | 139 | 123 | 36 | 0 | 902 |
| Cionta Tráchta Bóthair | 2,582 | 709 | 228 | 38 | 16 | 24 | 4 | 0 | 0 | 3,601 |
| Cionta eile | 2,283 | 389 | 246 | 37 | 25 | 41 | 19 | 4 | 0 | 3,044 |
| Iomlán | 5,750 | 1,905 | 1,561 | 440 | 408 | 469 | 240 | 70 | 22 | 10,865 |
| 2008 | 3,526 | 1,494 | 1,404 | 610 | 359 | 346 | 219 | 65 | 20 | 8,043 |
| Difríocht | 2,224 | 411 | 157 | -170 | 49 | 123 | 21 | 5 | 2 | 2,822 |
| % | 63.1 | 27.5 | 11.2 | -27.9 | 13.6 | 35.5 | 9.6 | 7.7 | 10.0 | 35.1 |

* Tá breis eolais staidrimh ar fáil ar ár suíomh idirlín (www.irishprisons.ie)

Cimithe de bharr fíneálacha nó fiacha

Bhí méadú de 90.7% (2,286 cimithe) le linn 2009 ar chimithe go príosún mar thoradh ar neamhíocaíocht fíneála cúirtordaithe thar an líon i 2008, i.e., ó 2,520 i 2008 go 4,806 i 2009, ag leanacht ar mhéadú de 88.7% i 2008

Tábla 2.14: Fiachóirí/Loiceadóirí fíneála a cimíodh i 2009

| Cineál | Baineannach | Fireannach | Iomlán |
|---------------------|-------------|--------------|--------------|
| Fiachóirí | 13 | 149 | 162 |
| Pianbhreith Fíneála | 695 | 4111 | 4806 |
| Iomlán | 359 | 2,415 | 2,774 |

Daoine faoi choimeád faoi Dhlíthe Inimirce

Bhí 673 cimithe, agus iomlán de 669 daoine i gceist, ann i 2009 maidir le cúrsaí inimirce. Is ionann é sin agus laghdú de 30.4% ar an 961 daoine a bhí faoi choimeád i 2008. Ba é 10 an meánlíon laethúil de dhaoine faoi choimeád sa chatagóir seo.

Príosúnaigh faoi phianbhreith saoil

Bhí 22 duine faoi choimeád i 2009 agus iad ag cur isteach pianbhreitheanna saoil.

Bhí thart faoi 60 príosúnach saoil faoi mhaoirsiú i measc an phobail ar 31 Nollaig 2008, agus orthu siúd bhí daoine a scaoileadh saor ó choimeád breis agus 30 bliain ó shin.

Leanann daoine atá faoi phianbhreith saoil dá bpianbhreith saoil a chur isteach fiú nuair a dtugtar tréimhsí fadaithe de scaoileadh sealadach isteach sa phobal dóibh. Cuirfear aon duine a bhfuil scaoileadh sealadach tugtha dó ar ais go príosún má sháraíonn sé/sí coinníollacha a scaoilte nó más ábhar baoil iad don phobal. Scaoileadh iomlán de 11 príosúnach saoil saor go sealadach le linn na tréimhse 2004 go 31 Nollaig 2009, faoi mhaoirsiú na Seirbhíse Promhaidh. Ba é an mheántréimhse a chaith na daoine sin faoi choimeád ná 17 bliana. Is féidir é sin a chur i gcomparáid le breis bheag ar 7½ bliana mar mheán do scaoilte idir 1975 agus 1984, beagnach 12 bliana do scaoilte idir 1985 agus 1994 agus díreach faoi bhun 14 bliana do scaoilte idir 1995 agus 2004.

Coinbhinsiún um Aistriú Daoine faoi Phianbhreith

I 2009, aistríodh 2 phríosúnach isteach i gcóras príosún na hÉireann ó phríosúin thar lear:

- 1 ón Ríocht Aontaithe
- ón Spáinn

I 2009, aistríodh 15 príosúnach amach as an ndlínse seo:

- 8 go dtí an Ríocht Aontaithe
- 3 go dtí an Ísiltír
- 2 go dtí Tuaisceart Éireann

- 1 go dtí an Pholainn
- 1 go dtí an Spáinn

Ar an iomlán, tá 141 príosúnach aistrithe go córas príosún na hÉireann ón iasacht agus tá 116 príosúnach aistrithe amach ó tháinig An tAcht um Aistrú Daoine faoi Phianbhreith, 1995 i bhfeidhm ar 1 Samhain 1995.

An Bord Parúil

Bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí an Bord Parúil le hathbhreithniú a dhéanamh ar chásanna príosúnach le pianbhreitheanna fada agus le comhairle a thabhairt maidir le riaradh na bpianbhreitheanna sin.

Cuireadh cásanna 83 príosúnach faoi bhráid an Bhoird le linn 2009. De bhreis ar bheith ag plé le tagairtí nua, leanadh de 147 cásanna ó 2008 a bhí ag céimeanna éagsúla den phróisias athbhreithnithe.

Le linn 2009 rinne an Bord moltaí don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí maidir le 88 cásanna. Ghlac an tAire go hiomlán le moltaí an Bhoird sa chuid is mó de na cásanna

Toradh ar mholtaí ón mBord Parúil don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

| | |
|---|-----------|
| Moltaí déanta | 88 |
| Torthaí: | |
| Moltaí a glacadh go hiomlán | 77 |
| Glacadh le cuid den mholadh | 5 |
| Moltaí nár glacadh leo | 3 |
| Cinneadh Aire ar feitheamh | 2 |
| Saoradh príosúnach ar loghadh roimh chinneadh | 1 |

Caibidil 3

Coimeád Slán agus Sábháilte

Le sábháilteacht agus slándáil ár bpríosún a fheabhsú, tugadh roinnt céimeanna slándála nua isteach le cur in aghaidh gáinneáil contrabhanna isteach inár bpríosúin, ceann de na mórdhúshláin faoi phríosúin ar fud an domhain.

Contrabhanna agus bearta slándála

I Meitheamh 2007 d'fhaomhaigh an Rialtas na hacmhainní riachtanacha le pacáiste de bhearta slándála a thabhairt isteach a dhírigh ar na bealaí ina raibh contrabhanna ar nós drugaí, gléasanna troda agus gutháin phóca á ngáinneáil isteach inár bpríosúin. Thosaigh seoladh na ngnéithe éagsúla i mBealtaine 2008 le bunú an Ghrúpa Tacaíochta Feidhme.

Tá trí ghné ann den Ghrúpa Tacaíochta Feidhme:

| | | |
|--|--|--|
| <p>1. Aonad Tacaíochta Feidhme Tá Aonaid Tacaíochta Feidhme i mbun oibre anois i ngach ceann dár bpríosúin iata (seachas An tAonad Oiliúna agus Cnoc an Arbhair). Feidhmíonn na hAonaid seo mar fhoirne cuardaigh speisialaithe, na céad fhreagróirí i gcás rabhaidh nó eachtra, an fhoireann ceaptha le rialú agus srianadh a dhéanamh i gcás aistrithe ó chillín agus athlonnaithe agus is iad na picéid dóiteáin ar glao-dhualgas.</p> <p>Bíonn freagrachtaí breise ar na haonaid seo gach eolas faisnéise sa phríosún a bhailiú agus a chomhordú, coimhdeachtaí ardiomrá a dhéanamh, cuidiú le ceannasaí na slándála i measúnú leanúnach agus feabhsú ar an slándáil taobh istigh den phríosún.</p> | <p>2. Aonad um Scagadh Slándála Tá brathadóirí siúl-tríd ar dhul an aerfoirt suite i ngach príosún iata agus bíonn ar gach cuairteoir agus ball foirne dul tríd an bhrathadóir sula ligtear é/í isteach sa phríosún. De bhreis air sin, tá scanóirí x-gha ar fáil ag gach príosún iata agus bíonn iallach ann gach mála láimhe, mála cáipéisí, pacáiste, cóta, etc. a chur faoi scanadh.</p> <p>Tá an scanadh seo go hiomlán i bhfeidhm don bhfoireann agus cuairteoirí uile agus iad ag teacht isteach inár bpríosúin iata (seachas an tAonad Oiliúna agus Cnoc an Arbhair).</p> | <p>3. Aonad na Madraí Tá Aonad Madraí Braite Drugaí (ina bhfuil 31 ball foirne) bunaithe ar bhonn náisiúnta. Chuaigh Aonad na Madraí i mbun oibre i ngach príosún i 2009.</p> |
|--|--|--|

Bhí éifeacht ar leith ag na beartais seo agus is léir ó fhaisnéis áitiuil go bhfuil laghdú suntasach ar theacht ar chontrabhanna ar fud chóras na bpríosún.

Léiríonn an tábla thíos líon na ndaoine a ndearna an tAonad Scagtha Slandála scagadh orthu le linn 2009. Ghabh na Gardaí 311 duine as iarrachtaí a dhéanamh contrabhanna a thabhairt isteach sna príosúin, iarrachtaí a nocht an tAonad.

| | Cuairteoirí ar phríosúnaigh | Daoine eile/foireann | Iomlán |
|--------------------------|-----------------------------|----------------------|------------------|
| Muinseo | 53,144 | 558,712 | 611,856 |
| N. Pádraig | 16,538 | 165,143 | 181,681 |
| Cruithneachtán | 26,512 | 230,800 | 257,312 |
| Cnoc na Seimre | 46,725 | 192,825 | 239,550 |
| Port Laoise | 5,837 | 166,181 | 172,018 |
| Lár Tíre | 34,123 | 183,033 | 217,156 |
| Corcaigh | 16,204 | 138,602 | 154,806 |
| Luimneach | 23,850 | 185,840 | 209,690 |
| Caisleán Riabhach | 19,839 | 84,956 | 104,795 |
| Dóchas | 5,125 | 74,270 | 79,395 |
| | | | 2,228,259 |

Chomh maith leis sin tugadh roinnt beart eile isteach le linn 2009 nó rinneadh forbairt orthu. Ar na bearta sin bhí:

Teicneolaíocht um chosc ar Ghutháin Phóca

Cuireadh tús in Aibreán 2007 le suitiú ar scéim phiólótach teicneolaíochta le húsáid guthán póca a chosc sna príosúin. Thosaigh an dara céim de Mhodúl an Lár Tíre i bhFeabhra 2008 le tabhairt isteach coscairí, ar bhonn céimnithe, le húsáid gutháin 3G a chosc.

Le linn 2009 lean Seirbhís Phríosúin na hÉireann de thástáil teicneolaíochta le comhartháí guthán póca a shrianadh taobh istigh de na príosúin. Tugadh faoi thrialacha i bpríosúin Mhuinseo, Luimnigh agus Phort Laoise agus bhí torthaí éagsúla orthu. Tá measúnú ar bun i gcónaí agus, bíodh is gur dúshlán mór é an teicneolaíocht ghutháin phóca síoraithritheach, tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann tugtha i gcónaí do theacht ar réiteach ar úsáid mhídhleathach guthán póca ar fud an eastáit phríosúin.

Is é polasaí Sheirbhís Phríosúin na hÉireann gabháil guthán póca a thuairisciú d'údarais an Gharda Síochána. Le linn 2009, gabhadh 2,174 gutháin phóca ar fud na n-institiúidí (féach tábla 3.1). Cuardaítear cillíní agus limistéir le haghaidh contrabhanna ar nós guthán póca i ngach príosún ar bhonn laethúil. Ar na cuardaigh sin bíonn cuardaigh fhánacha, sonraithe agus cinn bunaithe ar fhaisnéis. Bhí éifeacht ar leith leis na cuardaigh seo agus léiríonn faisnéis áitiúil go bhfuil laghdú tagtha ar theacht ar ghutháin phóca ar fud chóras na bpríosúin. Tá sonraí ar urghabhálacha guthán póca leagtha amach sa tábla thíos agus tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach díreach ó phríosúnaigh a ghabhtar céadatán de na hurghabhálacha seo ach go dtagtar orthu ag an bpointe isteach nó sula sroicheann siad daonra na bpríosúin. Toradh díreach é seo ar bhearta atá tugtha isteach le déanaí ar a

bhfuil scagairí ar dhul an aerfoirt agus innill x-ghathaithe, atá i bhfeidhm ar an mbealach isteach chuig na príosúin iata chuí.

Tábla 3.2: Urghabhálacha ar Ghutháin Phóca sna príosúin:

| Príosún/Ionad coinneála | 2008 | 2009 |
|-------------------------|-------------|-------------|
| Cnoc an Arbhair | 3 | 2 |
| An Caisleán Riabhach | 106 | 70 |
| Cnoc Seimre | 128 | 41 |
| Corcaigh | 64 | 27 |
| Ionad Dóchais | 55 | 40 |
| Luimneach | 292 | 309 |
| Teach an Locháin | 58 | 78 |
| Lár Tíre | 136 | 87 |
| Muinseo (Fireannaigh) | 580 | 904 |
| Port Laoise | 41 | 48 |
| Teach na gCanónach | 72 | 103 |
| Naomh Pádraig | 160 | 121 |
| An tAonad Oiliúna | 120 | 116 |
| Cruithneachtán | 232 | 228 |
| Iomlán | 2047 | 2174 |

Cathaoir Scanála Slándála Oscailt Cholainne (BOSS)

Tá cathaoireacha BOSS tugtha isteach i ngach príosún iata le príosúnaigh a scanadh le haghaidh contrabhanna ceilte ina gcuais choirp.

Cuairteanna Réamháirithe

Tá socruithe cuairtíochta nua curtha bhfeidhm sna príosúin agus iallach ar chuairoteoirí cuairteanna a chur in áirithe roimh ré agus comhartha aitheantais a chur ar fáil gach uair.

Tugadh isteach córas Cuairteanna Réamháirithe láimhe sa chuid is mó de na príosúin i 2008 agus leanadh é sin le tabhairt isteach bunachar leictreonach sonraí le réiteach uathoibrítheach a chur ar fáil do riaradh córais painéil na gcuairoteanna réamháirithe. Bhí sé sin de dhíth, de bhreis ar na bearta slándala thuas, leis an gcóras ar fud an eastáit phríosúin a chaighdeánú agus le meicníocht níos fearr a chur ar fáil do phleanáil agus reachtáil cuairteanna. De bhreis air sin tá sé de chumas ag an gcóras nua tuairiscí eolais bainistíochta a chur ar fáil agus eolas/faisnéis a bhailiú/chóimheas ar bhealach tráthúil agus comhtháite.

Tá tástail agus oiliúint déanta maidir leis an mbunachar leictreonach sonraí um Chuairteanna Réamháirithe. Cuireadh tús le bunachar sonraí píolótach do Chuairteanna Réamháirithe le réiteach uathoibríche a chur ar fáil do riaradh an chórais painéil do chuairteanna réamháirithe. Bí sé seo de dhíth le caighdeánú a dhéanamh ar fud an eastáit phríosúin agus le meicníocht feabhsaithe a chur ar fáil do phleanáil agus reachtáil cuairteanna. De bhreis

air sin, ta sé de bhuntaiste ag an gcóras nua tuairiscí eolais bainistíochta a chur ar fáil agus eolas/faisneis leis na cuairtanna reamhairthe a riaradh i bPríosún an Chruithneachtáin i bhFeabhra 2009 agus críochnaíodh é agus seoladh é ansin i nDeireadh Fómhair 2009, agus leanadh leis sin in Institiúid Naomh Pádraig, Príosún chnoc na Seimre, Príosún an Chaisleáin Riabhaigh agus Teach na gCanónach faoi dheireadh 2009.

Bíonn ar an té ar mian leis/léi cuairt a thabhairt ar phríosúnach coinne a dhéanamh roimh ré agus sonraí pearsanta suntasacha a thabhairt le cead isteach go dtí an príosún a fháil. Ar na sonraí sin tá ainm an chuariteora, seoladh, dáta breithe, an príosúnach a bhfuiltear ag tabhairt air/uirthi, gaol idir an cuairteoir agus an príosúnach agus dáta na cuairte. Beifear ag lorg comhartha aitheantais grianghraif ón gcuariteoir ar theacht isteach dó/dí agus beifear ag súil leis go mbeidh siad in ann an dáta breithe a tugadh tráth na háirithinte a dheimhniú. Bainfear leas as an dáta breithe mar aitheantóir ar an gcuariteoir. Déanfar gach sonra a thaifeadadh ar an gcóras leictreonach. Beidh an nós imeachta seo i bhfeidhm freisin maidir le cuairteoirí gairmiúla.

Foréigean i bPríosún

Níl glacadh le haon leibhéal d'fhoréigean idir príosúnaigh. Déanann an fhoireann agus an bhainisteoireacht gach iarracht raon gníomhartha foréigin a laghdú. Mar sin féin, ní féidir le réimeas ar bith deireadh iomlán a chur leis an bhféidearthacht go dtarlódh eachtraí foréigin i suíomh príosúin agus muid ag coimeád líon mór de chiontóirí contúirteachta agus foréigneacha.

Bhí líon na n-ionsuithe sách beag, go háirithe sna cásanna inar baineadh úsáid as gléas troda, nuair a chuireann tú san áireamh gur chuireamar beagnach 1.4 milliún leaba-oícheanta ar fáil i 2009, d'fhireannaigh óga den chuid is mó. Bhí iomlán de 814 eachtra foréigin i measc príosúnach le linn na bliana agus orthusan bhí eachtraí an-mhionchúiseacha. Sin iomlán de 2 eachtra sa lá i ndaonra de bhreis ar 3,800.

Chomh maith leis sin ní gníomhartha fánacha foréigin iad de ghnáth ionsuithe ag príosúnaigh ar phríosúnaigh -- bíonn baint acu le cúrsaí ar an taobh amuigh -- ar nós fiacha drugaí, iomaíocht i measc dronganna, etc.

Príosúnaigh faoi Chosaint

Ar 4 Nollaig, 2009 bhí 972 príosúnaigh faoi chosaint ar fud an chórais príosúin. Is ionann é sin agus beagán thar 20% de dhaonra iomlán na bpríosún ar an dáta sin.

Déantar iarrachtaí leáúnacha líon na bpríosúnach faoi chosaint a laghdú agus bítear á n-aistriú go rialta go príosúin eile nach mbeidh cosaint de dhíth ar an bpríosúnach. Tá roinnt príosún ann a bhfuil líon suntasach de phríosúnaigh faoi chosaint iontu atá cóirithe ar urlár ar leith ina bhfuil teacht acu ar réimse leathan imeachtaí ar a bhfuil scoil, ceardlanna, áiseanna giomnáisiaim, seirbhís phromhaidh agus seirbhís shéiplíneachta. Tá líon beag príosúnach ann freisin a gcuirtear réimeas teorannaithe orthu ar chúiseanna leighis.

Is í an fhírinne go lorgaíonn tromlach na bpríosúnach a dteastaíonn uathu dul faoi chosaint a leithéid i ngeall ar eachtraí a tharlaíonn ar an taobh amuigh (iomaíocht idir dronganna, fiacha drugaí agus amhras faoi chomhoibriú leis na Gardaí) agus ní mar gheall ar eagla a bheith orthu roimh ghníomhartha fánacha foréigin sa phríosún. Is léir sin ó chuireann tromlach na bpríosúnach a lorgaíonn dul faoi chosaint é sin in iúl ag céim an chimithe.

Maidir le líon na bpríosúnach faoi chosaint, breathnaíonn Seirbhís Phríosúin na hÉireann air sin mar léiriú ar na céimeanna a nglactar sna príosúin ar leith ar mhaithe le sábháilteacht na bpríosúnach.

Is fíorannamh a choinnítear príosúnaigh faoi chosaint ina n-aonar ar feadh níos mó ná tréimhse ghairid. De ghnáth bogtar na daoine sin go dtí áiléar nó sciathán comhchoiteann a mbíonn ann príosúnaigh faoi chosaint nó príosúnaigh leochaileacha eile.

Scaoileadh Sealadach

Leagtar síos san Acht um Cheartas Coiriúil (Scaoileadh Sealadach), 2003 agus i Rialacha na bPríosúnach (Scaoileadh Sealadach) 2004 an bunús reachtúil le cumhacht an Aire scaoileadh sealadach a dheonú trí na prionsabail a leagadh síos a bhaineann le cleachtadh na cumhachta seo. Cuireann an tAcht seo bunús soiléir agus trédhearcach ar fáil freisin, chomh maith leis na cosaintí riachtanacha atá de dhíth, le haghaidh fheidhmiú chóras na scaoilte sealadaí.

Ba é 535 meánlíon na ndaoine ag fulaingt pianbhreitheanna a bhí scaoilte go sealadach le linn 2009. Is ionann é sin agus 12% de mheánlíon iomlán na bpríosúnach sa chóras.

Éalú agus Teicheadh ó Choimeád

Ní raibh aon éalú ó thaobh istigh de chríocha na bpríosún iata le linn 2009.

Theich príosúnach amhain ó choimeád na n-oifigeach príosúin agus é á choimhdeach ó institiúid iata. Theich 132 príosúnach eile ó choimeád, ó ionad oscailte nó ar thuais faoi thionlacan (le hoifigeach, séiplíneach príosúin nó seirbhísí tacaíochta eile). Bhí 97 díobhsan a theich le linn 2009 ar ais faoi choimeád faoi dheireadh na bliana.

Tábla 3.3: Éalú agus Teicheadh ó choimeád i 2009

| Príosún | Éalú | Teicheadh | Iomlán | Tugtha ar ais i gcoimeád (faoi 31 Nollaig 09) | Fós ar iarraidh ar 31 Nollaig 09 |
|----------------------|----------|------------|------------|---|----------------------------------|
| Cnoc an Arbhair | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| An Caisleán Riabhach | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Cnoc Seimre | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Corcaigh | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Luimneach | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Teach an Locháin | 0 | 64 | 64 | 40 | 24 |
| Lár Tíre | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 |
| Muinseo (b) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Muinseo (f) | 0 | 1 | 1 | 1 | 0 |
| Port Laoise | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Teach na gCanónach | 0 | 68 | 68 | 56 | 12 |
| Naomh Pádraig | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Aonad Oiliúna | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Cruithneachtán | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Iomlán | 0 | 133 | 133 | 97 | 36 |

Íospartaigh Coireanna

Tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann thar a bheith meabhrach faoi staid na n-íospartach agus a muintir agus faoi na torthaí dochracha ar chionta, torthaí a bhféadfadh daoine a mhilleadh. Déanfaidh Oifigeach Idirchaidrimh Íospartach Sheirbhís Phríosúin na hÉireann gach iarracht, nuair a iarrann íospartach nó muintir íospartaigh é, iad a choinneáil ar an eolas maidir le himeachtaí suntasacha i mbainistiú phianbhreith dhéantóir na coire chomh maith le heolas faoi scaoileadh atá le teacht. Ar na himeachtaí suntasacha sin bheadh scaoileadh sealadach, éisteachtaí boird parúil, láithris sa chúirt, aistriú go príosún eile nó dátaí scaoilte tuartha. Is féidir go mbeadh an teagmháil seo i scríbhinn, de theileafón, de ríomhphost nó go pearsanta.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur seirbhís dheonach é seo agus nach dtabharfar an t-eolas ábhartha ach dóibh siúd a roghnaíonn amhlaidh.

Má theastaíonn ó aon duine nó ó theaghlach feidhm a bhaint as Seirbhís Idirchaidrimh Íospartach Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, is féidir leo é sin a dhéanamh trí teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Idirchaidrimh Íospartach:

Oifigeach Idirchaidrimh Íospartach
Ceannáras Sheirbhís Phríosúin na hÉireann
Lárionad Gnó an Údaráis Forbartha Tionscail
Bóthar Bhéal Átha na Laoi
An Longfort

Teileafón: 043 33 35100

Ríomhphost: vlo@irishprisons.ie

Caibidil 4

Cúram agus Athshlánú na bPríosúnach

Réamhrá

Is aidhm bhunúsach de chuid Sheirbhís Phríosúin na hÉireann é cúram agus athshlánú na bpríosúnach. De réir a ráitis mhisin, déanann an tSeirbhís iarracht cur chuige cothrom a bhaint amach i gcur i ngníomh críochnúil ar a cuid feidhmeanna cúraim agus coimeádta. Tugann sí faoi bhainistiú pianbhreitheanna ar bhealach a spreagann príosúnaigh agus a thugann tacaíocht dóibh ina n-iarrachtaí maireachtáil go géilliúil don dlí agus saolta fiúntacha a chaitheamh tar éis a scaoilte.

Cuimsíonn cúram agus athshlánú príosúnach inchur suntasach iltoiseach ó réimse leathan de sheirbhísí ginearálta agus speisialaithe a chuireann Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus seirbhísí inteagmhála reachtúla agus neamhreachtúla araon ar fáil.

Ar na seirbhísí éagsúla atá faoi chúram Sheirbhís Phríosúin na hÉireann tá na seirbhísí oideachais, leabharlainne, saothair agus oiliúna, síceolaíochta agus spioradálta. Bíonn tábhacht leis na seirbhísí seo i dtabhairt faoi réiteach ar dheiseanna cailte i gcúrsaí oideachais agus gairme, iompraíocht dhéistíneach, andúil drugaí agus alcóil agus droch-fhéinbhainistíocht. sa chaoi is gur féidir leis na príosúnaigh forás dearfach pearsanta a bhaint amach i bpríosún mar aon le hathimeascadh agus athlonnú i measc an phobail. Cuimsíonn feidhm an chúraim freisin soláthar ar thosca sásúla maireachtála maidir le cóiríocht, lónadóireacht, seirbhís níos álainn, sláinte agus réimeas laethúil chomh maith le naisc a choinneáil leis an bpobal agus bearta le hathimeascadh a éascú.

Bainistíocht Chomhtháite Pianbhreitheanna

Tá próisis bhainistíochta pianbhreitheanna ar bun i gcóras príosúin na hÉireann leis na blianta fada chun leasa na bpríosúnach agus an phobail. Mar sin féin níor forbraíodh na próisis seo lena ngealladh iomlán a bhaint amach ar chúiseanna éagsúla. Tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann ag forbairt agus ag cur tús le córas Bainistíochta Chomhtháite Pianbhreitheanna (ISM) le comhordú ar chaidreamh le príosúnaigh bunaithe ar phleananna pianbhreithe aontaithe.

Cuimsíonn ISM cur chuige nua i seachadadh seirbhísí do phríosúnaigh agus béim nua ar phríosúnaigh a bheith ag glacadh freagracht níos mó chucu féin as a bhforás féin trí idirghníomhaíocht le seirbhísí speisialaithe agus neamhspeisialaithe sna príosúin. Is é an toradh a bheas ann ag deireadh cur chuige ildisciplíneach príosúnachlárnaithe maidir le hoibriú le príosúnaigh le

soláthar do mheasúnú tosaigh, ceapadh spriocanna agus athbhreithniú tréimhsiúil le dul chun cinn a mheas.

Tugadh ISM isteach i dtosach ar bhonn píolótach i bpríosúin Chnoc an Arhair agus an Chruithneachtáin i 2008. Le linn 2009 leathnaíodh é go líon breise de phríosúnaigh sna príosúin sin agus tugadh isteach é san Aonad Oiliúna agus sa Phríosún Láir Tíre. Cuireadh tús freisin le hobair ullmhúcháin in Institiúid Naomh Pádraig. Faoi dheireadh na bliana bhí breis agus 200 príosúnach tar éis páirt a ghlacadh in ISM. Leanadh le linn na bliana ar obair chomhthreomhar ar réimse de thacaí ar nós uirlisí meastacháin, córais eolais, oiliúint foirne agus cláir ciontóirí. Tá sé i gceist go ndaingneofar an ISM i gCnoc an Arhair, an Cruithneachtán, Lar Tíre, Aonad Oiliúna agus in Institiúid Naomh Pádraig i 2010 le thart faoi 500 príosúnach ag glacadh páirte ann sna príosúin seo faoi dheireadh na bliana. Cuirfear ISM chun cinn go céimnitheach le ISM sna hinstiúidí uile eile i 2010 agus 2011, ach na hacmhainní a bheith ann chuige.

Oideachas

Cuirtear oideachas ar fáil sna príosúin i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, a sholáthraigh a chomhionann de 220 coibhéis múinteoirí sna blianta acadúla 2008/09 agus 2009/10. Is fostaithe iad an fhoireann mhúinteoireachta de na Coistí Gairmoideachais sna ceantair ina bhfuil na príosúin suite.

Cuireann gníomhaireachtaí eile go mór le hoideachas sna príosúin. Orthu siúd tá an Open University, an Chomhairle Ealaíon agus coláistí tríú leibhéal ar nós an Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha.

Is é is cuspóir leis na tseirbhís oideachais clár ardchaighdeáin, leathan, solúbtha oideachais a chuideoidh le príosúnaigh cur suas lena bpiambhreitheanna, forás pearsanta a bhaint amach, ullmhú don saol tar éis a scaoilte agus fonn agus cumas a bhunú iontu le haghaidh foghlama fad saoil. Déanann an tSeirbhís iarracht cláir ábhartha a sheachadadh ina mbeidh freastal ar riachtanais iomlánaíocha, a chinntíonn rochtan leathan agus ardpháirtíocht, a dhíríonn orthu siúd le riachtanais oideachais bunúsacha. Cuireann sí chun cinn prionsabail na haosoiliúna agus oideachais phobail agus tacaíonn sí le cur chuige ildisciplíneach taobh istigh den chóras príosúin.

Cóirítear cláir le héagúlacht dhaonra na bpríosún a chur san áireamh chomh maith leis an gcineál casta saoil a bhíonn sna príosúin, a chuimsíonn riachtanais scarúna agus ardleibhéal an ráta athraithe i ndaonra na bpríosún. Maidir le cúrsaí agus curaclaim oideachais atá bunaithe ar dhaoine aonair ag glacadh páirte in earnáil ábhair amháin nó níos mó ar feadh bliana acadúla agus ansin ag seasamh scrúduithe, ní bhíonn a leitheid oiriúnach ach do líon beag príosúnach. Bíonn cúrsaí an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteisimireachta ar fáil ach bíonn níos mó agus níos mó príosúnach ann a mbíonn curaclaim níos solúbtha de dhíth orthu a mbíonn iliomad pointí tosaithe nó scoir iontu a chuireann caighdeán oideachis roimh ré san áireamh. Baintear leas leathan, mar sin, as creidiúnú FETAC le measúnú bunaithe ar

chur le cheile fillteán. Bíonn gach Aonad Oideachais príosúin ag teacht leis na caighdeáin dearbhaithe cáilíochta a éilíonn FETAC. Tugtar aird mhór ar chomhordú na gcúrsaí leis an gclár Saothair agus Oiliúna a bhfuil cur síos air thíos.

Is féidir cúrsaí agus cláir a rangú go ginearálta mar leanas:

- Oideachas Bunúsach, litearthacht, uimhirtheacht, Béarla mar dhara teanga agus cumarsáid san áireamh;
- Na hEalaíona Cruthaíocha, ceol, taifeadadh fuaime agus léiritheoireacht, drámaíocht, ealaín, ceardaíocht, saoirseacht chloiche, scríbhneoireacht chruthaitheach, léiritheoireacht scannán agus grianghrafadóireacht go háirithe.
- Teicneolaíocht, ar a mbíonn adhmaadóireacht, snoíodóireacht adhmaid, miotalóireacht, dearadh ríomhchuidithe, teicneolaíocht eolais agus gairneoireacht;
- Ábhair Ghinearálta, ag cuimsiú na n-ábhar, stair, teangacha, tíreolaíocht, eacnamaíocht bhaile agus litríocht an Bhéarla;
- Scileanna Beatha: forás pearsanta, scileanna idirphearsanta, bainistú feirge, tuismitheoireacht, cúram páistí, staidéar andúile, teoiric tiomána, sláinteachas bia, etc.
- Maireachtáil shláintiúil, go háirithe corpoideachas, spórt, corpacmhainn agus gníomhaíochtaí fóillíochta, oideachas sláinte, biarém agus cothúchán.

Le linn 2009 bhí thart fá 39% de na príosúnaigh ag freastal ar ranganna. Tá an figiúr seo bunaithe ar thuarisceáin sheachtainiúla ó na hIonaid Oideachais agus níl gnáthlaethanta saoire scoile san áireamh nuair a bhíonn seirbhís laghdaithe ann. Braitheann páirtíocht in oideachas ar thosca ar nós inrochtain, áiseanna, iomlaoid daonra agus scarúint. Chuir an méadú ar líon na bpríosúnach agus an méadú ar an líon díobh a raibh scarúint de dhíth orthu isteach ar sheachadadh an oideachais.

Léirítear an patrún freastail do gach príosún i dTabla 4.1. Níl na figiúirí do 2009 inchoimparáide leo siúd ó bhlianta roimhe sin i ngeall ar athrú ar an modh tiomsaithe. Roimh 2009 bhí na figiúirí sa Tuarascail Bhliantúil bunaithe ar alaghráf ó na haonaid oideachais le haghaidh seachtaine amháin i mí na Samhna.

Thugamar córas nua tuairisceoireachta isteach i 2009. Tomhasann an tuairisc seo an fórfhreastal ag ranganna gach seachtain le linn na bliana acadúile. Agus tugann sé líon na bpríosúnaithe sainiúile a fhreastalaíonn (ag áireamh gach príosúnach uair amháin agus gan ach uair a amháin, beag beann ar dhíocas nó ar mhnicíocht an fhreastail).

Tábla 4.1: Rátáí Páirtíochta

| Institiúid | % |
|----------------------------|-------------|
| Cnoc an Arbhair | 57.2 |
| An Caisleán Riabhach | 38.1 |
| Cnoc Seimre | 19.4 |
| Corcaigh | 43.2 |
| Dóchas | 54.5 |
| Luimneach | 45.7 |
| Teach an Locháin | 65.0 |
| Lár Tíre | 46.0 |
| Muinseo | 18.9 |
| Port Laoise | 54.0 |
| Teach na gCanónach | 63.4 |
| Institiúid N Pádraig | 44.4 |
| Aonad Oiliúna | 38.1 |
| Cruithneachtán | 37.5 |
| Meán do na príosúin | 38.6 |

Seirbhísí Leabharlainne

Tá leabharlann ar fáil i ngach príosún. De ghnáth cuirtear seirbhísí leabharlainne ar fáil i gcomhar leis na húdaráis áitiúla chúí. Faoi láthair tá 6 leabharlannaithe lánaimseartha agus beirt páirtaimseartha atá fostaithe faoi choimirce na n-údarás áitiúla faoi seach imlonnaithe i leabharlanna príosúin. Baintear feidhm freisin as oifigigh phríosúin mar oifigigh leabharlainne i ngach príosún agus bíonn páirt bhunúsach acu i seirbhísí a chur ar fáil sa tráthnóna agus ag deireadh seachtainí. Osclaíodh leabharlann sa Chaisleán Riabhach i rith na bliana.

Leanadh le hiarrachtaí comhbheartaithe líon na leabhar a chuirtear ar fáil i dteangacha seachas an Béarla a mhéadú. le freastal ar an líon níos mó agus níos mó de neamh-Éireannaigh atá faoi choimeád. Baineadh feidhm as acmhainní freisin le méadú a dhéanamh ar líon na gclosleabhar agus ábhar leabhar soléite. Tá an tseirbhís leabharlainne ag coinneáil ar aghaidh le dul chun cinn sa phobal amuigh sna cúrsaí seo. Is mór againn í tacaíocht na leabharlann contae sa chúram seo.

Obair agus Gairmoiliúint i bPríosúin

Cuireann Seirbhís Phríosúin na hÉireann béim mhór ar sholáthar imeachtaí gairmoiliúna do phríosúnaigh. Roghnaítear cláir oiliúna leis na méid is mó fostaíochta agus is féidir a thabhairt i bpríosúin agus deiseanna a thabhairt le scileanna a bhaint amach a thabharfadh slánfhostaíocht dóibh tar éis a scaoilte. Feidhmíonn raon leathan de cheardlanna taobh istigh de na hinstiúidí, e.g. clódóireacht, ríomhairí, Braille, adhmadóireacht, miotalóireacht, tógáil, glanadh tionsclaíoch ar conradh, ceardaíocht, gairneoireacht agus leictreonaic. Comh maith leis sin cuimsíonn feidhm na hoibre agus oiliúna seirbhísí riachtanacha ar nós lónadóireachta agus seirbhís níocháin.

Tugadh ceardlanna agus imeachtaí nua chun cinn i roinnt príosún le linn 2009 agus leanadh le hathchóiriú agus malartú trealaimh i gcuid eile acu. Ar na ceardlanna nua bhí ceardlanna ríomhairí, scileanna tógála agus glantacháin thionsclaíoch i Muinseo agus ceardlanna glantacháin thionsclaíoch agus scileanna tógála i dTeach an Locháin. Cuireadh raon d'áiseanna nua ceardlainne ar fáil freisin i bPríosún Phort Laoise le freastal ar an líon breise príosúnach i mBloc nua C.

Ghlac breis agus 800 príosúnach páirt in imeachtaí oiliúna oibre ar bhonn seisiúnach laethúil le linn na bliana. Mar sin féin chuir an moratóir ar earcaíocht agus ardú céime sa tseirbhís phoiblí isteach ar oibriú seirbhísí agus áiseanna oiliúna oibre.

Léiríodh an bhéim leanúnach ar dhearbhu cáilíochta agus ar chaighdeán chúraim i seirbhísí agus clár oibre agus oiliúna arís i 2009 ó bhain príosún amháin gradam náisiúnta amach do shláinteachas ina chóras lónadóireachta. Bhuaigh Cnoc an Arbhair Gradam Smargaide na Seirbhíse Poiblí do Shláinteachas de chuid Feabhas Éireann (EIQA).

Bíonn creidiúnú seachtreach ar oiliúint theistithe ar fáil i roinnt de na cúrsaí a reachtáiltear sna hinstiúidí. Ghlac 376 príosúnach páirt i gcúrsaí creidiúnaithe oiliúna gairmiúla i 2009, laghdú beag ar an líon do 2008, 381. Cuireadh tús le dhá thionscnamh i 2009 a chuideoidh le méadú suntasach ar líon na bpríosúnach a mbeidh teacht acu ar oiliúint chreidiúnaithe agus ar theistiméarachta sna blianta atá romhainn. Ar an chéad dul síos tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann ag neartú a socruithe comhpháirtíochta le City and Guilds agus an Scottish Qualifications Authority (SQA) araon a chinnteoidh bainistiú lárnaithe agus comhordaithe ar an bpróiseas creidiúnaithe agus leathnú ar líon na gcúrsaí agus imeachtaí teistithe. Ar na hearnálacha scileanna ina mbeidh breis cúrsaí teistithe ar fáil sna blianta atá romhainn beidh péinteáil agus maisiú, stóráil agus ollstóráil, tiomáint forcardaitheora, lónadóireacht, táthú miotail, tógáil, gairneoireacht, leictreonaic agus oibreacha níocháin.

Sa dara háit, tá tionscnamh ildisciplíneach a bhfuil Aonaid Oideachais, Oiliúint Oibre agus seirbhís inrochtana Busneas in the Community (BITC) páirteach ann ag díriú ar sheachadadh sraith aontaithe de chúrsaí scileanna idirphearsanta le creidiúnú ó FETAC. Tá cúig cinn de scileanna boga roghnaithe le seachadadh: ullmhú don obair; scileanna idirphearsanta; éifeacht phearsanta; cumarsáid agus féinaighneacht. Tá na modúil seo á gcur chun cinn agus á seachadadh ar bhonn píolótach in ollionad Mhuinseo sula gcuirfead ar fail iad sna hinstiúidí ar fad.

Leanadh le comhpháirtíocht le BITC i 2009. Maoiníonn Seirbhís Phríosúin na hÉireann costas triúr Oifigeach Oiliúna agus Fostaíochta (TEOs) de chuid BITC a sholáthraíonn seirbhís oiliúna, oideachais agus sochrúchán fostaíochta do phríosúnaigh ar champais Mhuinseo agus Lár Tíre. Le linn 2009 cuireadh daoine ar aghaidh chuig an tseirbhís 364 uaire. As an 310 príosúnach a bhí páirteach agus a scaoileadh saor sa treimhse sin cuireadh 162 i bpoist agus tá 36 eile fós ag obair leis na TEOs. Ó cuireadh tús leis an

tseirbhís i samhradh na bliana 2007 cuireadh daoine faoi bráid na TEOs 872 uaire agus baineadh amach 272 socrúchán iarscaoilte maidir leis an 556 príosúnach a scaoileadh saor ó choimeád.

Cuireadh tús le seirbhís inrochtana eil ede chuid BITC i 2009. Tionscnamh é seirbhís mheantóireachta an BITC atá cómhaoinithe ag Ciste na gCuntas Díomhaoin (DAF) agus ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann. Tá sé léirithe go hidirnáisiúnta go dtéann meantóireacht i bhfeidhm go dearfach ar athlonnú iarphríosúnach agus a staonadh ó choiriúlacht. Cuireadh tús leis an tonscnamh meantóireachta i bpríosúin Chorcaí agus an Chaisleáin Riabhaigh agus ag deireadh na bliana bhí an bheirt mheantóir a bhí gafa leis an tionscnamh ag obair le 16 de phríosúnaigh réamhscaoilte agus 14 príosúnach eile a bhí scaoilte isteach sa phobal. Tá sé i gceist an tionscnamh a leathnú go dtí an Aonad Oiliúna le linn 2010 agus líonra de mheantóirí deonacha a chur chun cinn mar thaca le hobair na meantóirí lánaimseartha.

Cuireann cuid na príosúin raon leathan d'ábhar agus táirgí ar fáil d'eagraíochtaí carthanachta mar dheis le hairgead a bhailiú. Orthu siúd a tháinig i dtír air seo bhí Bernardos, Aware, Barretstown Gang Camp, the Arts for Peace Project, CARI, Ospidéal Leanaí Chromghlinne, St Joseph's Centre for the Visually Impaired agus HOPE. Lean príosúnaigh i dTeach na gCanónach i 2009 de thógáil 250 gabhar agus 28 de bhodóga ionlao ar son Bóthar. Feirmeoirí a chuir na hainmhithe ar fáil agus seolfar iad chuig teaghlaigh san Afraic.

Athimeascadh -- Easpa dídine

Is toisc bhunúsach é in athshlánú rathúil dídean cuí agus inrochtana tar éis scaoilte. Tá sé bunúsach maidir le fostaíocht, tacaíocht teaghlaigh agus bainistiú airgid a choinneáil i gceart. Fadhb leanúnach í easpa dídine i measc iarphríosúnach. Le linn 2009, lean Seirbhís Phríosúin na hÉireann dá hionadaíocht ar an bhFoireann Thrasrannach um Easpa Dídine, an Coiste Comhairliúcháin Náisiúnta um Easpa Dídine, Bord na Gníomhaireachta um Easpa Dídine agus réimse d'fhóiraim eile le cás na bpríosúnach a chur chun cinn.

Le linn 2008, bhí Aonad na nDaoine gan Dídean de Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ag leanúint dá sheirbhís inteagmhála leasa pobail i 10 bpríosún. Seachadaíonn an tSeirbhís Phromhaidh agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann an tseirbhís seo i bpáirt lena chéile agus cinntíonn sé go mbíonn teacht ag príosúnaigh a bhíonn i mbaol a bheith gan dídean tar éis a scaoilte, ar chóiríocht agus tacaíocht ioncaim. Léiríonn an staidreamh do 2009 gur tháinig 759 príosúnach i dtír ar an tseirbhís seo.

Leanadh de sheirbhís phiolótach Focus Ireland um easpa dídine i bpríosún Chnoc Seimre i 2009, ag soláthar seirbhís bainistithe cáis agus réamhlonnaíochta do phríosúnaigh ar athchur gan dídean. Tacaíonn an tseirbhís leis an lucht páirtíochta teacht ar sheirbhísí agus cóiríocht chuí ar an mbealach i dtreo maireachtáil go neamhspleách. Tacaíonn Seirbhís Phríosúin na hÉireann, an tSeirbhís Phromhaidh agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte leis an tionscnamh seo. Faoi dheireadh na bliana, bhí 93 príosúnach tar éis teacht i dtír ar an tseirbhís ó cuireadh tús léi i Meán Fómhair 2007.

D'éirigh le Seirbhís Phríosúin na hÉireann freisin teacht ar €250,000 as Ciste na gCuntas Díomhaoine le seirbhísí tacaíochta um easpa dídine a sholáthar do phríosúnaigh i bpríosúin Chorcaí agus Luimnigh. Ba iad Focus Ireland an t-iarratasóir ar éirigh leo agus cuireadh tús leis an tseirbhís le linn 2009. Ó cuireadh tús leis an tionscnamh sa samhrradh atreoraíodh 49 duine chuig an tseirbhís agus bhí iomlán de 39 cás gníomhach faoi bhráid na beirte oibrí tionscnaimh ag deireadh na bliana.

An tSeirbhís Síceolaíochta

Is iad príomhaidhmeanna na Seirbhíse Síceolaíochta seirbhísí sláinte mheabhrach a chur ar fáil do phríosúnaigh agus cuidiú le ciontóirí tabhairt faoi thosca agus iad i mbaol athchiontaithe

Ar an iomlán, rinneadh 1,844 coinne leis an tSeirbhís Síceolaíochta le haghaidh idirghabhálacha teiripeacha le príosúnaigh aonair i 2009. Bhí difríocht shuntasach i bhfad na teiripe ó phríosúnach go príosúnach, ó sheisiún singil go fiche nó níos mó seisiún. De ghnáth díríonn an saothar aonair ar dhá bhunearnáil -- ceisteanna sláinte mheabhrach (déileáil le príosúnacht, lagar spride, imní etc) agus ceisteanna a bhaineann le cionta (e.g. inspreagadh chun athraithe, fearg, mí-úsáid substaintí, ciontóireacht ghnéis agus foréigin).

Díríonn cláir ghrúpaí na Seirbhíse Síceolaíochta ar scileanna déileáil le deacrachtaí (e.g. Bainistiú strusa, bainistiú caidreamh, bainistiú codlata etc.), mí-úsáid substaintí (e.g. feabhsú spreagthachta, seachaint athiompairthe) agus ceisteanna a bhaineann le cionta (e.g. bainistiú feirge, scileanna feabhsaithe machnaimh, tosca baoil maidir le athchiontú foréigeanach agus gnéasach) .

Tagann obair grúpaí níos mó agus níos mó i gceist in obair na Seirbhíse Síceolaíochta. Leanadh leis an treocht seo i 2009 le tionscnu na gclár Building Better Lives ag díriú orthu siúd a bhí ciontaithe as cionta gnéis agus foiréigin. An tSeirbhís Síceolaíochta a reachtálann cláir grúpaí ach uaireanta reachtáltar iad i gcomhar le háisíneachtaí eile ar nós na Seirbhíse Promhaidh agus na Seirbhíse Comhairliúcháin Andúile. Chomh maith leis na cláir BBL, bíonn raon leathan de thoipicí tábhachtacha i gceist i ngrúpaí eile. Léiríonn an tábla thíos sonraí de na grúpchláir ar fad a reachtáil an tSeirbhís Síceolaíochta i 2009.

Tábla 4.2: Grúpchláir de chuid na Seirbhíse Síceolaíochta 2009

| Grúpaí 2009 | Ainm an Chláir | Líon na Seisiún | Líon Lucht Páirtíochta |
|------------------------------|--|-----------------|------------------------|
| Cnoc an Arbhair | Exploring Better Lives | 88 | 37 |
| | Practicing Better Lives | 51 | 15 |
| | Maintaining Better Lives | 2 | 5 |
| | Managing Distress | 2 | 8 |
| Ionad Dóchas | Managing Feelings | 2 | 5 |
| | Managing Relationships | 2 | 7 |
| | Managing Sleep | 1 | 4 |
| | Managing Upset | 2 | 5 |
| Muinseo | Motivational Enhancement Therapy (MET) | 18 | 30 |
| | MET Relapse Prevention | 8 | 10 |
| | Anger Management | 12 | 8 |
| | Stress Management | 6 | 7 |
| Teach na gCanónach | Sleep Seminar | 1 | 8 |
| | Stress Seminar | 1 | 10 |
| Inistitiúid N Pádraig | Anger Management | 18 | 24 |
| | Emotional Awareness | 6 | 7 |
| | Drugs and Alcohol | 6 | 14 |
| | Managing Feelings | 1 | 3 |
| | Managing Relationships | 2 | 7 |
| | Managing Upset and Distress | 2 | 9 |
| Aonad Oiliúna | Anger Management | 12 | 11 |
| | Stress Management | 6 | 14 |
| Cruithneachtán | Enhanced Thinking Skills | 54 | 27 |
| | Stress Management | 8 | 9 |
| | Exploring Better Lives | 6 | 6 |
| | Sleep Seminar | 1 | 8 |
| | Coping with Long Sentence | 2 | 10 |
| | Anger Seminar | 2 | 14 |
| Iomlán | | 325 | 322 |

Tháinig an Córas Rianú Cás de chuid na Seirbhíse Síceolaíochta (PCTS) i bhfeidhm go hiomlán ar 1 Eanáir 2009. Tá sé mar thoradh air sin gur féidir ciontóirí a eagrú agus monatóireacht a dhéanamh orthu ó liostaí feithimh go measúnú go hidirghabháil agus clabhsúr an cháis. Taca mór é i mbainistiú agus forbairt na seirbhíse chomh maith le hachar sonraí téagartha a chur ar fáil ar mhaithe le cúiseanna taighde.

Bhí 21 síceolaithe ag obair sna príosúin ag deireadh 2009. Chomh maith leis sin bhí ceathrar síceolaí, faoi phátrúnacht Sheirbhís Phríosuin na hÉireann, ag tabhairt faoi chlár oiliúna dochtúirí sa tsíceolaíocht chliniciúil i gColáiste na Tríonóide.

Cláir do Chiontóirí

Le linn 2009, rinneadh dul chun cinn mór maidir le raon agus inrochtain na roghanna teiripeacha do chiontóirí gnéis a mhéadú, le teacht i bhfeidhm an chláir Building Better Lives i mí Eanáir. Ceapadh Cnoc an Arbhair ina lárionad náisúnta do chóireáil ar chiontóirí gnéis, céim a bhí ag teacht le

Doiciméad Polasai um Bhainistiú Ciontóirí Gnéis de chuid Sheirbhís Phríosúin na hÉireann a foilsíodh in Aibreán 2009.

Baineann an BBL leas as cur chuige síceolaíochta bunaithe ar nirt an duine agus a chuimsíonn trí chomhpháirt, arb iad an clár Exploring Better Lives (EBL), an clár Practising Better Lives (PBL) agus an clár Maintaining Better Lives (MBL). Cuireann an grúpa EBL roimhe spreagthacht agus muinín maidir le hathrú dearfach a fhorbairt; diríonn an grúpa PBL ar thuiscint níos miona ar chiontóireacht san am atá thart agus ar phleananna dearfacha féinbhainistíochta a fhorbairt don todhchái saor ó chiontóireacht; is é is cuspóir don ghrúpa MBL tacú le dul chun cinn agus forbairt leanúnach d'fhir atá ag cur isteach pianbhreitheanna níos faide i bpríosún agus plean cúraim chuimsitheach a dheimhniú ó phríosún go tacaí pobalbhunaithe.

Réitíonn an cur chuige nua an bealach d'idirghabhála a thugann aird níos mó ar phriacail aonair, riachtanais agus cumas. Is féidir le ciontóirí ardphriacail, mar shampla, níos mó ama a chaitheamh ar obair chionbhunaithe, más gá. Bíonn seachadadh na n-idirghabhálacha ag teacht le Bainistíocht Chomhtháite Pianbhreitheanna agus reachtáltar iad faoi stiúradh foirne ildisciplíneach faoi cheannas Gobharnóra.

Ábhar misnigh é líon na bpríosúnach a ghlac le clár an BBL i gCnoc an Arbhair, le sruth leanúnach daoine ag dul trí na céimeanna éagsúla. Faoi dheireadh na bliana, bhí 52 fear tar éis an measúnú réamhghrúpa a chur díobh, 23 an grúpa EBL agus 7 an grúpa PBL agus tá 27 ciontóir ag glacadh páirte faoi láthair i ngach ceann den trí ghrúpa BBL. Beifear ag díriú i 2010 ar an bhforbairt dhearfach seo a choinneáil ar aghaidh agus an Polasaí um Bhainistiú Ciontóirí Gnéis a chur i bhfeidhm go hiomlán.

Chomh maith leis an BBL tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann gafa faoi láthair le comhpháirtíocht le dhá ghrúpa pobalbhunaithe (le cúnaimh ó Chiste na gCuntas Díomhaoine), le cur leis na seirbhísí dóibh siúd atá ag cur isteach pianbhreitheanna as cionta gnéis. Tá Institiúid Grenada, i gcomhar le Seirbhís Síceolaíochta Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, gafa i gCnoc an Arbhair le soláthar seirbhísí breise, dírithe go háirithe orthu siúd a aistríodh le déanaí go dtí an lárionad náisiúnta. In Institiúid Naomh Pádraig, tá an Northside Inter-Agency Project (NIAP), i gcomhar le Seirbhís Síceolaíochta Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, páirteach i soláthar seirbhísí dóibh siúd a léirigh iompar gnéasach dochrach agus a gcuid cúramaithe. Réitíonn na tionscnaimh seo an bealach le haghaidh seirbhísí inrochtana agus an fhéidearthacht ceangal a dhéanamh le tacaíocht theiripeach phobalbhunaithe iarscaoilte.

Cosc ar Fhéindochar

Tháinig Grúpa Stiúrtha Sheirbhís Phríosúin na hÉireann um Fhéindochar agus Bás i nDaonra na bPríosún le chéile ar cheithre ócáid i 2009. Cuireann an Grúpa an cleachtas is fearr chun cinn i gcosc féindochar agus, nuair is gá, freagairt d'fhéindochar agus bás i ndaonra na bpríosún. Chomh maith leis sin

scrúdaíonn grúpai ildisciplíneacha i ngach institiúid tosca gach báis faoi choimeád agus is fóram é an Grúpa Stiúrtha lena dtuairiscí a chóimheas agus cinntí suntasacha a scaipeadh ar fud chóras na bpríosún.

Bhí 9 mbás faoi choimeád i 2009. Ag deireadh na bliana, reachtáladh éisteacht cróinéara i gcás amháin agus glacadh le fíorasc de mhíthapa. Táthar ag fanacht ar éisteachtaí cróinéara sna cásanna eile. Glacadh le fíorasc i 9 n-éisteacht chróinéara a reachtáladh i 2009 maidir le tarlúintí sna blianta roimhe. Glacadh le bás de thairbhe cúiseanna nádúrtha ag 3 cinn de na héisteachtaí agus cuireadh na básanna eile i leith míthapa (3), fíorasc inste (2), fíorasc oscailte agus féinmharú (1 araon).

Séiplínigh

Tá 20 séiplíneach lánaimseartha agus 9 páirtaimseartha ann ón Eaglais Chaitliceach Rómhánach, Eaglais na hÉireann agus ón Eaglais Mheitidisteach. Bíonn na séiplínigh freagrach as cúram aoireachta agus spioradálta na bpríosúnach, beag beann ar a n-aicme creidimh, agus tugann siad faoin obair le cur chuige iomlánaíoch. Is féidir le séiplínigh ó eaglaisí eile teacht isteach sna príosúin mar chuairoteoirí. Freastalaíonn ceannairí áitiúla na nIoslamach ar riachtanais na bpríosúnach Ioslamacha.

Cé go n-aithníonn said neamhspleáchas a gcúraim, oibríonn na séiplínigh taobh istigh de chreat ildisciplíneach na bpríosún agus freastalaíonn said ar chruinnithe agus ar cháschruinnithe a eagraítear sna príosúin. Seastar i gcónaí le rúndacht a gcúraim agus cuireann sé seo le sainiúlacht a n-oibre. Tugann na séiplínigh cuairt ar phríosúnaigh i ngach cuid den phríosún ar bhonn laethúil. Déanann siad iarracht casadh le príosúnaigh a luaithe agus is féidir tar éis cimithe agus tacaíocht a thabhairt dóibh siúd a bhfuiltear ar tí a bheith scaoilte saor. Caitheann siad am le daoine ag tráth méala agus cailliúna agus coinníonn said teagmhail le teaghlaigh trí ghlaonna teileafóin, cruinnithe agus cuairteanna baile.

Caibidil 5

Seirbhísí Sláinte do Phríosúnaigh

Is é is cuspóir don tseirbhís sláinte a chinntiú go mbíonn teacht ag príosúnaigh ar an gcaighdeán agus réimse céanna de sheirbhísí sláinte agus atá ar fáil dóibh siúd atá i dteideal Seirbhísí Liachta Ginearála sa phobal agus atá cuí do thimpeallacht an phríosúin.

Is é polasai Sheirbhís Phríosúin na hÉireann fónamh ar phríosúnaigh leis an an dínit agus an meas céanna agus a thabharfaí d'othair uile an phobail.

Tá soláthar cúram sláinte ina oibleagáid reachtúil ar Sheirbhís Phríosúin na hÉireann mar atá sé leagtha amach i Rialacha na bPríosún 2007.

Aithnítear i ndoiciméid straitéise sláinte go bhfuil easnaimh shuntasacha shláinte ar phríosúnaigh maidir le "meánstádas" shláinte an phobail trí chéile agus, mar sin, ba cheart iad a mheas mar chatagóir le 'riachtanais speisialta'. D'fhéadfadh an phríosúnacht a bheith ina deis le tabhairt faoi na heasnaimh sin.

De thoradh taighde agus cleachtais aithnítear trí phríomhréimse cúraim i gcomhthéacs na bpríosún.

- Cúram príomhúil agus bainistiú ar ghalair ainsealacha
- Cóireáil drugaí agus ceisteanna andúile
- Ceisteanna sláinte intinne

I gcúrsaí cúraim sláinte díriodh ar chaighdeán feabhsaithe cúraim a thabhairt isteach trí mhéid áirithe tionscnamh ar a raibh feidhmiú Caighdeán Cúraim Sláinte, tabhairt isteach altrabhainisteoirí agus tionscainmh faoi threoir altraí ar nós scagadh sláinte, clinicí diaibéiteacha agus vaicsínithe, forbairt bhreise ar sheirbhísí inrochtana, bunú foirne cliniciúla agus ildisciplíneacha agus próisis neartaithe traschúraim a chur ar fáil ar ais go dtí na seirbhísí pobail

Tá an-chuid de na cuspóirí a bhí leagtha amach ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann bainte amach agus leanfaidh sí de thógáil ar an obair atá déanta le réimse agus caighdeán na seirbhísí sláinte atá ar fáil do phríosúnaigh a fhorbairt. Tá an fhorbairt leanúnach seo ag teacht lenár gcuspóir cothromaíocht cúraim a bhaint amach ar chomhchéim lean bhfuil ar fáil sa phobal. Agus táimid tiomnaithe dó sin ar na bealaí is nua, is éifeachtaí agus is éifeachtúla ó thaobh costais de.

Ba bhliain dhúshlánach é 2009 maidir le acmhainní idir dhaonna agus airgeadúla agus de bhreis orthu sin bhí dúshlán breise teacht Phaindéim (H1N1)2009.

Paindéim (H1N1) 2009

D'oibrigh Seirbhís Phríosúin na Éireann go dlúth le háisíneachtaí sláinte agus iad ag feidmiú na mbeart le cuidiú le scaipeadh na paindéime a theorannú. Bhí an tSeirbhís páirteach i bpleanáil ullmhúcháin a raibh dhá ghné inti, ceann acu ag an leibhéal náisiúnta ag nascadh le háisíneachtaí ábhartha eile agus ag cur an Plean Náisiúnta teagmhasachta le chéile, agus an ceann eile ag leibhéal áitiúil trí Choistí Fliú Paindéimeacha príosúnbhunaithe.

Tá an chreidiúint as na rátaí ísle ionfhabhtaiochta ag dul d'fhaireachais na foirne cúraim sláinte ag céim an chimithe, oideachas leanúnach na bpríosúnach agus na foirne, bearta le hionfhabhtú a chosc a chuir an fhoireann altrachta i bhfeidhm agus bainistiú cúraim ar phríosúnaigh thinne ag foireann liachta agus altrachta. Ba eiseamláir é an comhoibriú ar fud na n-institiúidí an chaoi ar teorannaíodh na cásanna faoi amhras agus deimhnithe araon i 2009.

Cúram Príomhúil

Is é an cúram príomhúil an scothshampla de sheachadadh cúraim sláinte; is é an barr feabhais é i gcóras cúraim sláinte na bpríosún. Braitheann soláthar cúraim dara agus tríú leibhéal ar éifeacht an chórais seo. Is é an cuspóir seirbhís a chur ar fáil atá struchtúrtha agus eagraithe ar chaoi a chuireann ar fáil na torthaí is fearr dóibhsean atá faoi choimeád.

Faoi láthair soláthraíonn meascán de dhochtúirí lánaimseartha agus páirtaimseartha a fhreastalaíonn ar na príosúin do thréimhsí éagsúla an tseirbhís seo. Soláthraítear an tseirbhís ag baint leas as múnla idirdhisciplíneach agus próisis oibre indhisciplíneach.

Is bunghné de straitéis Cúraim Sláinte Sheirbhís na hÉireann é seachadadh ar idirghabhálacha cúram príomhúla ardchaighdeáin. Gné bhunúsach den tseirbhís sin is ea measúnú sláinte tosaigh agus ag eascair as sin, forbraítear idirghabhálacha cúraim agus chomh maith leis sin déantar measúnú liachta ar riachtanais an duine. Baintear leas as an scagadh sláinte tosaigh mar dheis le heolas a fháil ar shláinte ghinearálta, vaisíniú heipitiis, galair gnéas-tarchurtha, galair thogálacha agus measúnú ar shláinte intinne, gnóthaí ar féidir iad uile a chur san áireamh i gceapadh plean cúraim liachta. Déanann an tseirbhís cúraim phríomhúil iarracht ar chúram sláinte a chur ar fáil agus é ag díriú ar chúram sláinte agus ar liacht seachantach.

Altramas

Leanadh le cuspóir Sheirbhís Phríosúin na hÉireann díriú ar idirghabhálacha altamais bunaithe ar fhianaise ar riachtanais le linn 2009.

Is tosaíocht é cur chun cinn na sláinte i measc príosúnach agus bíonn clár vaicsínithe altrathreoraithe á thairiscint ag beagnach gach príosún anois. Ar na tionscnaimh a tugadh isteach i 2009 bhí scéim phiolótach de chlinicí diainéideacha altathreoraithe i bPríosún Mhuinseo atá ag déanamh leas do phríosúnaigh maidir le tuiscint níos mó a chothú ar thosca a bhaineann le

cógais leighis agus cloí leo; bhí tionscnaimh altrathreoraithe ar an dul céanna in earnáil an HIV, rud ari a d'fheabhsaigh comhlíonadh agus doiciméadú. Leanadh de sheoladh clár scagtha altrathreoraithe ar phríosúnaigh saoil ar fud an chórais príosúin.

I 2009 chuir an fhoireann altramais i dTeach na gCanónach tús le clár Sláinte Fear bunaithe ar Pholasaí Sláinte na bhFear 2009, ag baint leas as modhanna cur chuige bunaithe ar Chinntitheachta Sóisialta, Galarchosc Chur chun na Sláinte. Mar an gcéanna thionscnaigh an fhoireann chúraim sláinte i bPríosún Chorcaí múnla cur chun cinn sláinte a nascann an próiseas scagtha sláinte le hathruithe dearfacha sa bhéasca.

I bPríosún an Chruitneachtáin chuir an t-altrabhainisteoir i gcomhar leis an gCoiste Gairmoideachais agus Cumann na Croise Deirge clár ar bun a d'oil grúpa príosúnach mar oibrithe deonacha Croise Deirge. Bhí an iliomad tairbhí ag gabháil leis an gcur chuige piarthreoraithe seo, ghlac príosúnaigh níos éasca lena gcomhphríosúnaigh agus ba mhó an seans go ndéanfaidís dá réir; léirigh an grúpa féin níos mó féinmheasa agus díograise le bheith leasmhar dá gcairde agus don bhfoireann i bpobal an phríosúin. Cuireadh an clár príosúin i láthair ag comhdháil dhomhanda i mBúdaipeist, mar an chéad uair ar domhan a rinne an Chrois Dhearg a leithéid. Glacadh go maith leis agus léirigh an-chuid de na ballstáit spéis in aithris a dhéanamh ar an tionscnamh seo.

Is gné bhunúsach den chúram na nascanna pobail le seirbhísí altramais agus seirbhísí eile. Leanaimid orainn ag iarraidh na nascanna seo a fheabhsú ó tá siad riachtanach i soláthar traschúraim agus pleanáil scaoilte ó fillfidh príosúnaigh ar na pobail óna tháinig said ag pointe éigin.

Seirbhísí Cógaisíochta

Tá seirbhísí cógaisíochta gairmiúla ar bun anois i ngach príosún. Ciallaíonn teacht i bhfeidhm na gconarthaí seo go bhfuil teacht ag príosúnaigh sna hinstiúidí seo ar sheirbhísí cogaistíochta gairmiúla, ar bhonn ata comhchothrom lena bhfuil ar fáil i measc an phobail i gcoitinne, ag cur san áireamh na constaicí a bhíonn i gceist le forchoimeád. Tá idir na gnéithe teicniúla (soláthar) agus gairmiúla (cúram gairmiúil) ar fáil sna príosúin.

Bíodh is go gcinntítear go ndéantar gach oideas a bhreithniú agus a sheiceáil ag poitigéir agus go ndáiltear é ar bhonn an othair aonair, tacaíonn teacht isteach seirbhísí cógaisíochta cúram seasta níos éifeachtaí, ó cuirtear cógais dáilte gach príosúnaigh ar aghaidh in éindí leis/léi nuair a aistrítear é/í go príosún eile, rud a chinntíonn go mbeidh leanúnachas i gcóireáil riachtanach. Ar an dul céanna, is féidir cógais dáilte príosúnaigh a thabhairt dó/di tráth a scaoilte go buan nó go sealadach rud a chinnteoidh leanúnachas cóireála riachtanaí go dtí go mbeidh deis aige/aici plé le seirbhísí sláinte pobail.

Ag eascair as comórtas tairiscintí do Mhuinseo/Dóchas i 2008, is poitigéirí atá freagrach anois as gach gné de chóireáil drugaí (meatadón go príomha), dáileadh, riaradh, ordú, stóráil etc, rud a chiallaíonn go bhfuil cóireáil drugaí ar

fáil ar an mbonn céanna agus atá i measc an phobail fad is atáthar ag cloí leis na ceanglais dhlíthiúla agus ghairmiúla uile.

Seirbhísí Gairmiúla Inteagmhála

Leantar de sholáthar seirbhísí speisialaithe ag an tríú leibhéal ag baint leas as múnla cúraim inteagmhála. Tá roinnt Comhaontuithe Seirbhíse déanta le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) nó soláthróirí ábhartha eile. Mar shampla de shocruithe tairbheacha dá leithéid tá an Comhaontú Seirbhíse le seirbhís andúile comhairleoirtheoraithe á chur ar fáil agus tá socruithe déanta leis an FSS seirbhísí andúile inteagmhála a chur ar fáil i gCnoc na Seimre, sa Chruithneachtán agus in ollionad Mhuinseo.

Tá Seirbhís Galar Tógálach comhairleoirtheoraithe ar chonradh ó Ospidéal San Shéamais le cóireáil a sholáthar do phríosúnaigh a bhíonn ag fulaing ó ghalair thógála, Heipitéas C agus VEID/HIV san áireamh. Tá laghdú follasach ar líon na bpríosúnach a aistrítear go Clinicí Treorach Ospidéal San Shéamais le haghaidh scagtha agus cóireála de dheasca fhorbairt na seirbhíse seo. Bhí éifeacht ag baint léi freisin maidir le comhlíonadh réimis chasta drugaí agus torthaí sláinte na n-othar a fheabhsú. Tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann i gcomhar le hOspidéal San Shéamais ag cur bailchríoch ar shocruithe le seirbhís chóireála do Víreas Heipitéas C a thabhairt isteach do phríosúin áirithe i mBaile Átha Cliath.


Tá forbairt ar sheirbhísí inteagmhála dá leithéid tar éis costais díreacha a laghdú ar choimhdeacht príosúnach chuig seirbhísí sláinte taobh amuigh, ag laghdú cur isteach ar sheirbhísí d'othair sheachtracha FSS (costas idíreach ar FSS) agus laghdú fíorthábhachtach ar chostais dlíthíochta mar thoradh ar mhoill i soláthar cúraim nó ar chúram de chaighdeán íseal. D'éirigh leis an tionscnamh seo freisin bealach cúraim chomhtháite a chur ar fáil le seirbhísí pobail agus reachtúla. Ar shamplaí ar leith eile tá Ospidéal Fiaclóireachta Bhaile Átha Cliath a sholáthraíonn seirbhísí fiaclóireachta sa seacht bpríosún i mBaile Átha Cliath. Soláthraíonn Seirbhís Mheabharghalair Fhóiréinsí an Ospidéal Lárnaigh Mearbhaill 21 seisiún inteagmhála comhairleoirtheoraithe go seachtainiúil i bpríosúin uile Bhaile Átha Cliath chomh maith le Port Laoise agus an Príosún Láir Tíre.

Cóireáil Drugaí

Is é cuspóir bunúsach Sheirbhís Phríosúin na hÉireann a chinntiú trína Stiúrthóireacht Sláinte go mbeidh soláthar cúraim sláinte do phríosúnaigh ar chomhchéim lena bhfuil ar fáil sa phobal trí chéile. Ag cur san áireamh an méid mór príosúnach a mbíonn cóireáil drugaí uathu, déanann Seirbhís Phríosúin na hÉireann iarracht réimse cuimsitheach seirbhísí dá leithéid a chur ar fáil agus iad dírithe ar fhreastal ar riachtanais ar leith an daonra atá ag teacht ar aghaidh i ngach príosún iata.

Is é soláthar seirbhísí cóireála drugaí ceann de na dúshláin is mó agus is déine ar acmhainní i saol na bpríosún. Táthar ag leanúint le feidhmiú Pholasaí agus Straitéis Drugaí Sheirbhís Phríosúin na hÉireann den teideal

“Keeping Drugs Out of Prisons”. Is é an cuspóir deireadh a chur leis an soláthar chomh mór agus is féidir agus an t-éileamh ar dhrugaí taobh istigh den chóras príosúin a laghdú trí oideachas, chóireáil agus sheirbhísí athshlánaithe do phríosúnaigh ar andúlaithe iad. Leathnaíodh soláthar cóireála meatadóin le linn 2009 go 2424 duine, méadu de bhreis agus **20% sa líon iomlán ar 2000** agus méadú de **10.4%** ar líon na n-iontrálacha nua. ar an gcóireáil go 266. (Fig 1.)



(fig.1) Léiriú Grafach ar an Méadú Bliantúil sa Líon faoi Chóireáil Mheatadóin

Sa chomhthéacs náisiúnta maidir le soláthar ar chóireáil drugaí tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann tar éis freastal ar bhreis agus **20%** den líon iomlán atá ar mheatadón go náisiúnta. Ábhar spéise é gurbh í an tSeirbhís a d'aithin ags a chuir cóireáil ar bheagnach **31%** de na hiontrálacha nua ar an Lárliosta Cóireála i 2009. Is ag Príosún Chnoc na Seimre atá an tréchur is airde de phríosúnaigh a úsáideann drugaí, idir nua agus bhunaithe (142 & 808 fá seach) le Muinseo go gairid ina dhiaidh (le 43 & 794 fá seach). Cuireadh díthocsainiú ar **1130** príosúnach a raibh an chóireáil sin de dhíth orthu.

Tá seirbhísí comhairliúcháin andúile ar fáil i ngach príosún agus ionad coinneála a bhfuil a leithéid de sheirbhís de dhíth ar phríosúnaigh. Chuir Merchants Quay Ireland tús le seoldadh na seirbhíse seo do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann i 2007. Tairgíonn an tseirbhís measúnaithe struchtúrtha agus idirghabhálacha comhairleoireachta fianaisebhunaithe le pleananna cóireála agus cuspóirí cruinne. Tarlaíonn sé seo i gcomhthéacs leanáil cúraim taobh istigh d'fhoirne ildisciplíneacha.

Bíonn comhairleoireacht ar fáil do phríosúnaigh a bhfuil staraíocht acu d'úsáid drugaí ar a mbíonn ópáidí, cócaon, eacstais, amfatamíni, dé-eitiolaimil aigéid listeirigh/LSD, struisíní, hipnoiticí, alcól, canabas agus drugaí eile, idr dhlisteranach agus mhídhlisteanach.

Bíonn 1,500 teagmhálacha ag an seirbhís comhairleoireachta andúile le príosúnaigh in aghaidh na míosa.

Leantar den nós go ndéantar díthocsainiú airíonna le cúnamh liachta d'aon duine ag teacht isteach sna príosúin le staraíocht d'úsáid ópáidi, agus a mbíonn torthaí dearfacha ar a thastáil maidir le hóipíodí tráth a chimithe. Is féidir le le hothair, le linn an phríosís mheasúnaithe, plé a dhéanamh leis an bhfoireann sláinte faoi roghanna cóireála eile, agus d'fhéadfadh go gcuimseodh sé sin cothabhail meatadóin dóibh siúd ar mhaith leo fanacht ar chothabhail sa phríosun agus tar éis dóibh dul ar ais sa phobal tar éis a scaoilte. Mar sin féin, de réir mar a thagann laghdú ar na suímh chóireála i measc an phobail is dúshlan é daoine a chur sna suímh phobail sin. Is é polasaí Sheirbhís Phríosúin na hÉireann maidir le príosúnaigh a bhíonn gafa le clár ionadaíochta meatadóin agus iad sa phobal go leantar lena gcóireáil ionadaíochta meatadóin agus iad faoi choimeád.

Níor thainig maolú ar chastacht na bhfadhbanna a bhíonn ag príosúnaigh ar dhrugaí ar theacht isteach dóibh i 2009, ach bhí torthaí dearfacha leis an gcur chuige idirdhisplíneach a n-úsáidtear i Muinseo le cúram éifeachtach a dhéanamh den ghrúpa seo mar aon le caidreamh pearsanta teiripeach leanúnach.

Sláinte Mheabhrach

Tá drochthinneas meabhrach níos forleithne go mór i measc príosúnach i gcomparáid leis an bpobal trí chéile.

Léirigh staidéar a rinne an tSeirbhís Sláinte Mheabhrach Fhoiréinseach Náisiúnta i 2003 go raibh barrachas díobhsan le tromthinneas meabhrach i ngach cuid de dhaonra príosúin na hÉireann. Mheas an tuarascail go mba cheart 3.7% de chimithe fireann, 7.5% d'fhir ar athchur, 2.7% d'fhir faoi phianbhreith agus 4% de phríosúnaigh bhaineann a aistriú chuig seirbhísí síciatracha, agus gur ghá do 20% de chimithe fireann agus 32% de chimithe baineann casadh le síciatraí.

Leanaimid de bheith ag obair i dtreo seirbhísí a chomhtháthú agus a fhorbairt tuilleadh in éindí le comhpháirtithe reachtúla agus deonacha. Ag cur san áireamh a theoranta is atá comhshaol an phríosúin is fearr go bhfaigheadh príosúnaigh a bhfuil tromthinneas leanúnach orthu cúram sa chomhshaol is cuí. Is ann do sheirbhísí inteagmhála trí chomhoibriú leis an Ospidéal Lárnach Mearbhaill (CMH) le seisiúin sláinte mheabhrach foiréinseach go seachtainiúil i bpríosúin uile Bhaile Átha Cliath agus sna príosúin Lair Tíre agus Phort Laoise. Cuireann an CMH seirbhís measúnaithe agus teagmhála ar fáil do na príosúin uile eile. Maidir le soláthar sláinte meabhraí i gCorcaigh, Luimneach agus sa Chaisleán Riabhach, tá seirbhís inteagmhála speisialaithe ann do sheisiúin sainte meabhraí comhairleirtheoraithe le seirbhísí cuí a chur ar fáil do phríosúnaigh sna príosúin sin.

Déanach i 2008/go luath i 2009 cuireadh deich leaba breise ar fail sa CMH. Is mór é an cúnamh do bhainstíocht na bpríosun agus don bhfoireann sláinte na leabacha breise seo maidir le tabhairt faoi liostaí feithimh do phríosúnaigh a bhfuil bealach isteach sa CMH de dhíth orthu agus i soláthar cúram sláinte cuí go phríosúnaigh a bhfuil géarthinneas meabhrach orthu.

Tá an tSeirbhís Phríosúin Inteagmhála agus Idirchaidrimh Chúirte (PICLS) dírithe ar Phríosún Chnoc Seimre, an príosun athchuir Is mó sa Stát. Bhuaigh an tseirbhís seo duaiseanna le déanaí ag an Irish Health Care Awards 2009 don tionscnaimh ospideil is fearr. Cinntíonn an córas aistriúchain chomh fada agus is féidir i gcás na ndaoine sin a thagann faoi bhráid na gcúirteanna, nó go luath sa chóras coiriúil ceartais, nuair is léiriú é an chalaois ar thinneas bunusach, déantar atreorú orthu siúd agus cuirtear cóireáil cuí orthu.

Aistríodh 91 othar sa bhliain 2008 (67 chuig aiseanna sláinte pobail, 24 chuig ospideil síciatrachta ghinearálta). Le linn 2009, aistríodh 103 othar (62 chuig seirbhísí sláinte pobail, 41 chuig ospidéal síciatrachta ghinearálta).

Caibidil 6

An Eastát Príosúin

Rinneadh dul chun cinn suntasach le linn 2009 maidir le feidhmiú an chlár tógála príosúin a dhéanfaidh malartú ar thart faoi 40% den eastát príosúin de réir na gceangaltas sa Chlár don Rialtas. Is é an tionscnamh is ardaidhmí sa chlár seo malartú an cheithre phríosúin ar Champas Mhuinseo le príosún nua ag Halla Bhaile na Sceach i gCo. Bhaile Átha Cliath Thuaidh.

Tá foramharc ar na príomhfhorbairtí maidir leis an gclár caipitil sonraithe thíos.

Tionscnamh Príosúin Bhaile na Sceach

Leanann tionscnamh Bhaile na Sceach mar ghné bhunúsach de chlár oibreacha caipitil Sheirbhís Phríosúin na hÉireann leis an eastát príosúin a nua-aimsearú.

Cuirfidh an campas nua príosúin cóiríocht ar fáil do 1,400 duine fásta i réimse de shocruithe slándála d'áiseanna leis an bhféidearthacht oibríochta glacadh le suas le 2,200 príosúnach. Cuimseoidh dearadh an phríosúin teicneolaíochtaí sárghorbartha i dtéarmaí slándála agus córais smachta foirgnimh le héifeachtaí oibríochta a chruthú a bheadh ag teacht le noirm idirnáisiúnta

Tháinig an idirghabháil leis an tairgeoir roghnaithe don dearadh, airgeadas, agus coinneáil chun cinn i mí Bealtaine nuair a hiarradh go foirmiúil ar an gcuibhreannas a thairiscint airgid dheiridh don tionscnamh a chur ar fáil. Tar éis do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus a cuid comhairleoirí an tairiscint dheiridh seo a mheas go mion, aontaíodh nárbh acmhainn é ar bhonn an phraghais a bhí luaite ag an gcuibhreannas. Éiríodh ansin as an gcómórtas tairiscinte a bhí ann ó níor thug sé deis don Státchiste an luach ab fhearr a bhaint amach don airgead.

I mí an Mheithimh dheimhnigh an Rialtas a gheallúint go bhforbrófaí campas nua príosúin ag Halla Bhaile na Sceach agus d'fhaomhaigh sé seoladh próisis tairiscinte nua do thógáil príosúin níos inacmhainne agus campas príosúin a mbeadh luach níos fearr ann ag Baile na Sceach. Is é an cuspóir cóiríocht ardchaighdeáin réimeasdírthe le tacaíocht chúí agus áiseanna athshlánaithe a ullmhóidh príosúnaigh le haghaidh athimeasctha ar ais sa phobal.

Tá an fhorbairt ag dul ar aghaidh anois ar bhonn céimnithe agus cuimsíonn céim 1 oibreacha ullmhúcháin riachtanacha atá de dhíth don fhorbairt ar a bhfuil tógáil bealach rochtana, balla imlíne, agus oibreacha eisláithreacha.

Seoladh comórtas tairiscintí le teacht ar chomhairleoirí teicniúla don tionscnamh i mí na Nollag. Fad is atá céim 1 ar bun, scrúdófar agus tabhharfar chun críche an próiseas soláthair do na foirgnimh agus áiseanna eile a bheas sa champas príosúin. Is é an cuspóir an próiseas deartha agus soláthair don phríomh-ilionad príosúin a thabhairt chun críche fad is atá tógáil

chéim 1 ar siúl. Cuideoidh an cur chuige seo le tógáil an phríomh-ilionad príosúin a bhrostú.

Forbairt Phríosún Réigiún na Mumhan

Is é atá i gceist leis an tionscnamh seo coimpléacs príosúin nua-aimseartha a chur in áit Phríosún Chorcaí ag Cill Uird, Contae Chorcaí, ar láithreán a bhain leis an Roinn Cosanta roimhe seo. Cé nach bhfuil an tionscnamh curtha chun cinn go leibhéal miondeartha meastar go mbeidh lonnaíocht sa phríosún nua do thar faoi 450 príosúnach.

Cuireadh le chéile tuarascáil ullmhúcháin um oiriúnacht láithreach a chuimsigh seandálaíocht, fásra agus ainmhithe, bóithre/bonneagar, topagrafaíocht etc. Léirigh na suirbhéanna ullmhúcháin seo nach raibh bacanna suntasacha ar fhorbairt an láithreáin.

Is í an chéad chéim eile sa phróiseas measúnaithe cás sonraithe gnó a ullmhú maidir leis an tionscnamh. Scrúdóidh an cás gnó na roghanna soláthair éagsúla ag cur rogha comhpháirtíochta poiblí príobháidí san áireamh. Lorgófar comhairle na Gníomharthachta Náisiúnta Forbartha Airgeadais maidir leis an tionscnamh.

Cuireadh réamhaighneacht faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí le faomhú le go bhféadfaí bualadh ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den phróiseas, i.e., ullmhú ar chás sonraithe gnó.

Spásanna agus Áiseanna Breise Príosúin

An Caisleán Riabhach

Críochnaíodh roinnt tionscnamh nua sa Chaisleán Raibhach le linn 2009. Críochnaíodh agus coimisiúnadh Sciathán Chluain Salach – bloc nua de 123 spas. Is gné den dearadh é go bhfuil cillíní de chineál níos mó ann le séarachas agus áiseanna ceatha.

Críochnaíodh áiseanna fairsinge oideachais agus caithimh aimsire, ar a bhfuil clósanna nua corpchleachta agus láthair pheile uile-aimseartha le riachtanais an daonra phríosúin atá méadaithe go mór a shásamh. Seachadadh uasghrádú mór ar ghnéithe slándála agus líonraí smachta an phríosúin mar aon le soláthar bonneagair sheirbhísí nua.

Port Laoise – Bloc ‘C’

Críochnaíodh an Bloc C nua agus chuathas isteach ann déanach i 2009. Tá 138 spas sa bhloc nua. Tá breis agus 12 m.cr. i ngach cillín agus tá séarachas iomlán inmheánach iontu chomh maith le háiseanna ceatha agus tá seomra fáiltithe ann do phríosúnaigh nua chomh maith le hionad liachta, fiacloireacht agus raon galánta d'áiseanna oideachais agus a leithéid. Is é an

Bloc “C” nua an chéad chóiríocht nua a cuireadh ar fáil do phríosúnaigh le breis agus 100 bliain.

Cruithneachtán – Sciathán Nua

Leanadh le tógáil agus coimisiúnú an sciatháin nua le cóiríocht a chur ar fáil do 200 príosúnach agus críochnaíodh é a bheag nó a mhór faoi dheireadh na bliana. Tá dearadh níos mó ar na cillíní le séarachas inmheánach iomlán agus aonaid cheatha. De bhreis ar an mbloc nua, tosaíodh freisin ar fhoirgneamh cuairtíochta nua agus ar shíneadh le cistin an phríosúin le freastal ar an méadú atá le teacht ar líon na bpríosúnach.

Toirmeasc ar Ghutháin Phóca

Le linn 2009 lean Seirbhís Phríosúin na hÉireann de thástáil teicneolaíochta le toirmeasc a chur ar chomharthaí guthán póca taobh istigh de na príosúin. Rinneadh trialacha i bpríosúin Mhuinseo, Luimnigh agus Phort Laoise agus bhí torthaí éagsúla orthu. Tá measúnu ar siúl fós agus bíodh is gur dúshlán gan amhras an teicneolaíocht a bhaineann le gutháin phóca atá ag athrú de shíor, tá Seirbhís Phríosúin tiomnaithe do theacht ar réiteach ar úsáid mhídhleathach an ghutháin phóca.

Seirbhís Raidió Dhigiteach

Tá an tSeirbhís Phríosúin comhpháirteach i Scéim Náisiúnta Dhigiteach Raidió ar mhaithe le slándáil an Stáit agus na seirbhísí éigeandála a dtugtar TETRA uirthi. Cuireann an scéim seirbhís raidió éifeachtach chriptithe ardchaighdeáin taobh istigh de na príosúin in áit seanteicneolaíocht analóige atá as dáta. Tosaíodh ar í a leathnú san eastát príosúin i Meán Fómhair 2009 agus críochnaíodh í faoi dheireadh na bliana. Tugann an t-aischur luath le fios go bhfuil na húsáideoirí deiridh tar éis glacadh go maith leis an gcóras nua agus go bhfuil áiseanna cumarsáide taobh istigh agus, nuair is cuí, idir na príosúin tar éis feabhsú go mór.

Físnasc

Tógadh seomra nua físnasc i bPríosún Luimnigh déanach i 2008 agus coimisiúnadh é go luath i 2009. Le linn 2009 baineadh leas as an bhfísnasc le cumarsaid a dhéanamh le Cúirt Dúiche Luimnigh ar 139 ócáid rud a chiallaigh coigealtas suntasach don tSeirbhís Phríosúin araon agus na Gardaí araon maidir le costais iompar príosúnach agus costais slándala agus priacail a ghabhann leis sin. Ós rud gur éirigh chomh maith sin leis an seomra físnasc i Luimneach, cuireadh tús le pleanáil ar sholáthar seomraí áiseanna físnasc i suas le 8 bpríosún le linn 2010.

Seoltaí Oifigiúla le linn 2009

Teach an Locháin, Aonaid nua Chónaithe, Oideachais & Chaithimh Aimsire ar 20 Aibreán ag Diarmaid Ó hEachthairn TD, Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí..

Teach na gCanónach, Aonad Cónaithe nua, Teach Abhóca ar 29 Bealtaine ag Risteard de Róiste TD, Aire Gnóthaí Eorpacha,

An Caislean Riabhach, Bloc Cóiríochta Sciathán Chluain Salach, ar 15 Meán Fómhair ag Diarmaid Ó hEachthairn TD, Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

Port Laoise, Bloc 'C' nua ar 23 Samhain ag Diarmaid Ó Eachthairn TD, Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

Teicneolaíocht Eolais & Cumarsáide

I 2009 lean Seirbhs Phríosúin na hÉireann le clár leanúnach suntasaach ineistíochta i dTeicneolaíocht Eolais agus Cumarsáide mar thaca leis na riachtanais riaracháin agus oibríochta taobh istigh de Sheirbhís Phríosúin nua-aimseartha.

Bainedh céimeanna suntasacha amach i 2009 ar a raibh:

- Uasghrádú cuimsitheach ar Chóras Eolais na dTaifead Príosúin (PRIS) a tugadh isteach i dtosach i 2001. Tá éifeachtaí móra agus feidhmiú úsáideora feabhsaithe go suntasach mar thoradh ar an uasghrádú seo.
- Tá comhtháthu déanta ar an gcóras Ama agus Freastail leis an gcóras párolla ó 2005 anall. Tá feabhsaithe córais a tugadh isteach i 2009 ag obair go maith agus ligeann said don chóras T&A cuimsiú a dhéanamh ar na socruithe freastail leasaithe uile a tionscnaíodh faoin Chomhaontú ar mhaithe le hAthrú Eagraíochta.
- Leanadh de sholáthar ICT méid áirithe trí Fhoireann Tacaíochta Córais ICT a bhí seachfhoinsithe. Rinneadh conradh nua do thacaíocht seachfhoinsithe a dhámhachtain 2009 faoin gcur chuige creata a mhol an Roinn Airgeadais. Bhí coigealtas costas suntasacha mar thoradh ar théarmaí an chonartha nua i 2009 agus leanfar leis sin fad is a mhairann an conradh.

Cúrsaí Comhshaoil

I 2009 d'oibrigh an Oifig Comhshaoil (Rannóg na Seirbhísí Tógála) go dlúth le Fuinneamh Inmharrthana Éireann le teacht ar phacáiste aireachta fuinnimh d'fhoireann Sheirbhís Phríosúin na hÉireann. Rinneadh meastachán fuinnimh i 7 bpríosún le teacht ar eolas ar leith don láithreán leis an bpacáiste oiliúna a chur le chéile. Beidh an t-eolas a bhfuarthas ó na meastacháin mar bhunús le haghaidh forbartha ar chlár cuimsitheach éifeachta fuinnimh ar fud an eastáit phríosúin.

Tá obair déanta ag an tSeirbhís Phríosúin freisin maidir le caighdeán BREEM a thabhairt chun cinn le measúnú a dhéanamh ar thionscnaimh nua tógála nó athcóirithe ar thógáil ar fud an eastáit phríosúin maidir le cur isteach ar an gcomhshaol. Cinnteoidh an mhodheolaíocht seo go mbeidh tionscnaimh amach anseo ag teacht le ceangaltais chomhshaoil Sheirbhís Phríosúin na hÉireann.

Faoi threoir na hOifige Comhshaoil tá dul chun cinn ollmhór déanta maidir le bainistiú na sruthanna dramhaíle a ngintear inár bpríosúin. Táimid in ann treochtaí dramhaíle a chur le cheile do na hinstiúidí aonair a bhíochas sin do dhlúth-chomhoibriú leis ns soláthróirí seirbhísí dramhaíle agus cuideoidh eachtarshuí ó na sonraí le spriocanna indéanta a leagan amach don todhchaí maidir le laghdú ar dhramhaíl.

Sláinte agus Sábháilteacht

Faoi threoir na Foirne Bainistíochta Feidhmeannais um Shlainte agus Shábháilteacht (ETM), tugadh isteach ar bonn píolótach an córas ba inistithe sábháilteachta OHSAS 18001, atá creidiúnaithe go hidirnáisiúnta, i roinnt suíomh sa tseirbhís phríosúin i 2009. Ba chuid bhunúsach d'fheidhmiú an chórais ag gach ionad comhlíonadh ar phróiseas cuimsitheach aithinte baol agus measúnaithe priacal, chomh maith le hathbhreithniú agus uasdátú na bpleanna éigeandála tine agus lamhleabhar bainistithe sábháilteachta do gach lathair ar leith.

I 2009 rinne an ETM maoirisú ar threallamh deartha go sonrach le haghaidh thartháil snaptha cillín príosúin (CSRE) a chur in áit gaireas anáilaithe garaga.

D'oibrigh an tSeirbhís Phríosúin le nualaíocht, taighde agus foghlaim as an nua córas atá bunaithe ar fhianaise, agus a sheachadadh de réir caighdeán idirnáisiúnta a bhfuil sé de bhuntáiste breise ann go bhfuil sé níos éifeachtaí le húsáid agus go sabhálann sé costais go leanúnach, a chur isteach in áit chórais a bhí dlúthfhostaíoch, casta le húsáid agus costasach maidir le daonuaireanta.

Caibidil 7

Airgeadas

Bíonn an Stiúrtóireacht Airgeadais freagrach as na hearnálacha seo a leanas:

- Tuairisceoireacht agus rialú airgeadais, cur amach ráiteas airgeadais bliantúla maidir leis an tseirbhís san áireamh;
- Forbairt a dhéanamh ar smachtanna agus nósanna imeachta airgeadais a bhíonn ag teacht leis an gcleachtas cuntasíochta is fearr, Rialacháin an Aontais Eorpaigh agus reachtaíocht agus treoirlínte náisiúnta agus iad a chur i bhfeidhm;
- Riaradh, feidhmiú agus daingeanú an chórais eolais bainistíochta airgeadais;
- Bainistíocht agus Pleanáil Airgeadais, ar a mbíonn soláthar agus léirmhíniú eolais bhainistíochta airgeadais;
- Tabhairt isteach rialú buiséid déabhlóidithe agus tarmligean ar údarás airgeadais do bhainisteoireacht áitiúil;
- Ceannach soláthairtí;
- Éilimh a tionscnaítear in aghaidh Sheirbhís Phríosúin na hÉireann.

Vótáil Dáil Éireann comhlán de €379.319 milliún do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann i Vóta na bPríosún 2009 (Vóta 21).

Athbhreithniú Airgeadais

Ba é comhlán chaiteachas Sheirbhís Phríosúin na hÉireann i 2009 €374.12 milliún, thart fá €5.199 milliún taobh istigh den bhuiséad. Caitheadh thart fá 69% de chaiteachas iomlán Sheirbhís Phríosúin na hÉireann i 2009 ar phá. Tá sonraí Fhorálacha agus Caiteachais 2009 leagtha amach i dTábla 7.1.

Taobh amuigh de phá, is í an ghné is suntasaí de chaiteachas ná caiteachas caipitiúil. Bhí ineistiú caipitiúil suntasach ann i 2009 le soláthar cóiríochta agus áiseanna níos fearr ar fud an eastáit phríosúin agus go háirithe, soláthar spásanna breise sa Chaisleán Riabhach agus Port Laoise agus críochnú a bheag nó a mhór ar sciathán nua ag Cruithneachtán. Tá sonraí de chlár tógála na Seirbhíse Príosúin 2009 tugtha sa chaibidil ar Bhainistíocht Eastáit.

Caiteachas agus Ioncam Sheirbhís Phríosúin na hÉireann 2008

**Tábla 7.1: Forálacha Buiséid agus Caiteachas Iarbhír na
Seirbhíse Príosúin 2008**

| | 2008 Foráil €000 | 2009 Caiteachais Iarbhír* €000 | 2009 €000 |
|---|------------------------|--------------------------------------|----------------|
| Riarachán | | | |
| A.1 - Tuarastail, Pá agus Liúntais | 271,932 | 283,151 | 259,895 |
| A.2 - Taisteal agus Iostas | 3,471 | 2,619 | 2,715 |
| A.3 –Costais teagmhasacha | 17,045 | 8,357 | 8,111 |
| A.4 - Seirbhísí Poist agus Teileachumaráide | 3,775 | 3,005 | 3,640 |
| A.5 - Soláthairtí Inneallra agus Ábhair Oifige eile | 997 | 2,923 | 5,165 |
| A.6 - Seirbhísí Comhairleoireachta | 215 | 209 | 189 |
| A.7 – Athbhreithnithe Polasaí & Luach ar Airgead | 0 | 50 | 0 |
| Seirbhísí Eile | | | |
| B - Foirgnimh agus Trealaimh | 69,644 | 48,335 | 49,788 |
| C - Seirbhísí Príosúin, etc. | 32,557 | 24,507 | 38,206 |
| D - Roinn Déantúsaíochta & Feirm | 529 | 629 | 648 |
| E – Seirbhís Phromhaidh – Seirbhísí do Chiontóirí | 30 | 53 | 10 |
| F - Seirbhísí Oideachais | 1,694 | 1,400 | 1,320 |
| G - Oifigigh Phríosúin, cumann árachas sláinte (Deontas i gCabhair) | 0 | 548 | 0 |
| H - Cúiteamh | 2,213 | 2,783 | 4,013 |
| I – Bearta um Mhíbhuntáiste Sóisialta (Maoinithe ó Chiste na gCuntas Díomhaoin) | 273 | 750 | 420 |
| Caiteachas Comhlán | 404,375 | 379,319 | 374,120 |
| J - Leithghabháil i gCabhair (Fáltais) | 2,057 | 15,733 | 16,293 |
| Iomlán Caiteachais Glan | 402,318 | 363,586 | 357,827 |

* Tá na figiúirí seo faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Costas in aghaidh Spáis Príosúin, inúsáidte agus foireann ar fáil
Ba é meánchostas spáis príosúin inúsáidte agus foireann ar fáil chuige le linn na bliana féilire 2009 €77,222 (€92,717 i 2008), laghdú de €15,495 nó 16,7% ar chostas 2008. Tharla an laghdú sa mheánchostas ar an dá chúis seo leanas:

- laghdú de €17.7 milliún maidir le costais iomlána (€15.5m de sin ag baint le costais pá), agus
- méadú ar líon leapacha de 495 ó 3,611 ar 31 Nollaig 2008 go 4,106 ar 31 Nollaig 2009.

Tugtar sonraí maidir leis an gcóiríocht nua a soláthraíodh le linn 2009 agus an tionchar a bhí ar an líon fostaithe ag daoine ag dul amach ar phinsean agus an moratóir ar earcaíocht/ardú céime sna caibidlí ar an Eastát Príosúin agus Bainisteoireacht Acmhainní Daonna faoi seach.

Fágadh amach costais nach raibh smacht dhíreach ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann orthu. Mar sin, fághtar costas tuarastal na múinteoirí amach anois as an gcleachtadh seo toisc nach bhfuil soláthar ann dóibh siúd faoi leithdháileadh Bhuiséad na bPríosúin. Ar an gcaoi chéanna fághtar caiteachas caipitil, ar a mbíonn acmhainní tógála/treallaimh agus oibreacha beaga amach as an áireamh ar mhaithe le héascú a dhéanamh ar chomparáid idir cineálacha príosúin.

Léiríonn na táblaí seo a leanas na figiúirí do 2009 agus figiúirí 2008 mar chomparáid.

Tá na costais seo a leanas curtha san áireamh:

- Costais Athraitheacha Chóiríochtbhainte – coinneáil & deisiú; solas; teas & cumhacht; conarthaí seirbhíse; diúscairt dramhaíola; muirir uisce; costais comhshaoil agus sláinte & sábháilteachta.
- Costais Athraitheacha Phríosúnachbhainte – lónadóireacht; cúram sláinte; aiscí príosúnach; oiliúint oibre (ag fágáil socmhainní tógála/trealaimh agus oibreacha beaga as an áireamh); éadaí, cóir leapacha, etc.; ábhair oideachais; mótarfheithclí (coinneáil & breosla, etc.); áiseanna caithimh aimsire; níochán éadaí; brath drugaí agus cléir ar cuairt.
- Costais Sheasta Phríosúnachbhainte – pá coimeádta; taisteal; teileachumarsáid; sainéide agus soláthairtí oifige, etc.
- Costais Neamh-Choimeádta (coimhdeacht príosúnach san áireamh) – pá neamhchoimeádta; oibríochtaí neamhchoimeádta agus costais riaracháin agus íocaíochtaí cúitimh.

Costas in aghaidh Spáis Inúsáidte agus foireann ar fáil - Gach Príosún

| CINEÁL CAITEACHAIS | 2008 Costas/Spás (3,611 Spásanna) | 2009 Costas/Spás (4,106 Spásanna) |
|--|--|--|
| Costais Athraitheacha Chóiríocht bhainte | 4981 | 3900 |
| Costais Athraitheacha Phríosúnach bhainte | 6364 | 5748 |
| Costais Sheasta Phríosúnach bhainte | 66756 | 53139 |
| Costais neamhchoimeádta (Coimhdeacht Príosúnach san áireamh) | 14616 | 14436 |
| IOMLÁN | 92717 | 77222 |

Costais in aghaidh Spáis Inúsáidte agus foireann ar fáil - Príosúin Oscailte

| CINEÁL CAITEACHAIS | 2008 Costas/Spás (220 Spásanna) | 2009 Costas/Spás (250 Spásanna) |
|--|--|--|
| Costais Athraitheacha Chóiríocht bhainte | 75747 | 3892 |
| Costais Athraitheacha Príosúnach bhainte | 5847 | 4940 |
| Costais Sheasta Phríosúnach bhainte | 38790 | 31896 |
| Costais Neamhchoimeádta (Coimhdeacht Príosúnach san áireamh) | 9.77 | 9793 |
| IOMLÁN | 60150 | 50521 |

Costas in aghaidh Spáis Príosúin Inúsáidte agus foireann ar fáil - Príosúin Iata

| CINEÁL CAITEACHAIS | 2008 Costas/Spás (3,181 Spásanna) | 2009 Costas/Spás (3,457 Spásanna) |
|--|--|--|
| Costais Athraitheacha Chóiríocht bhainte | 4448 | 3746 |
| Costais Athraitheacha Phríosúnach bhainte | 6466 | 6149 |
| Costais Sheasta Phríosúnach bhainte | 65173 | 654358 |
| Costais neamhchoimeádta (Coimhdeacht Príosúnach san áireamh) | 14750 | 15054 |
| IOMLÁN | 90837 | 79307 |

Costas in aghaidh Spáis Príosúin Inúsáidte agus foireann ar fáil - Príosúin Ardslándála

| CINEÁL CAITEACHAIS | 2008 Costas/Spás (210 Spásanna) | 2009 Costas/Spás (399 Spásanna) |
|--|--|--|
| Costais Athraitheacha Chóiríocht bhainte | 12256 | 5234 |
| Costais Athraitheacha Phríosúnach bhainte | 5356 | 2773 |
| Costais Sheasta Phríosúnach bhainte | 120029 | 55894 |
| Costais neamhchoimeádta (Coimhdeacht Príosúnach san áireamh) | 17665 | 11989 |
| IOMLÁN | 155306 | 75890 |

Tá na figiúirí do spásanna príosúin inúsáidte agus foireann ar fáil bunaithe ar an acmhainn leapacha i ngach institiúid ar 31 Nollaig.

Feidhmiú Chreat Faisnéis Bhainistíochta (MIF) taobh istigh den tSeirbhís Phríosún

Leanann Seirbhís Phríosúin na hÉireann de thuairisceoireacht fheabhsaithe faoin IMF le bainistíocht agus rialú feabhsaithe airgeadais a thabhairt chun críche. Is é atá ar intinn go mbeadh eagraíocht níos straitéisdirithe ann a bheadh ag teacht le riachtanais córais ceartais nua-aimseartha agus a dhéanfadh amhlaidh ar bhealach costéifeachtach. Le linn 2009, rinne Seirbhís Phríosúin na hÉireann forbairt ar thuarascála míosúla a thug sí isteach do Stiúrthóirí agus Gobharnóirí Príosúin agus thug sí clár oiliúna do bhaill foirne lárnacha i nginiúint agus léirmhíniú eolais airgeadais.

Mar thaca do IMF, rinneadh cineachadh ar bhuiséid don bhainisteoireacht shinsearach in earnálacha caiteachais lánroghnacha le cuidiú le cinnteoireacht i ndáileadh agus bainistiú acmhainní.

Lárionad Soláthair (CPU)

Is é an CPU atá freagrach as cúrsaí soláthair agus a chinntiú go bhfeidhmítear na cleachtais tuairisceoireachta atá leagtha amach i dtreoirlínte na Roinne Airgeadais. D'fhoilsigh Seirbhís Phríosúin na hÉireann a polasaí soláthair i Meán Fómhair 2008; polasaí a leagann amach mar a cheannóidh an eagraíocht a chuid soláthairí agus seirbhísí agus tá sé ar fáil ar an suíomh idirlín www.irishprisons.ie.

Is acmhainn lárnach é an CPU le ceannach earraí agus seirbhísí a úsáidtear go coitianta a chomhdhlúthú agus an luach is fearr a fháil. Ba é an toradh ar an gcur chuige seo gur lorgaíodh tairiscintí do na seirbhísí seo a leanas agus go ndearnadh conarthaí le linn 2009:

- Áiseanna Bainistíochta (Meicniúla)
- Seirbhísí Glantóireachta Conartha
- Córas Bainistíochta Teileafóin
- Leictreachas
- Comhairleoireacht Tógála
- Seirbhísí Poitigéireachta
- Seirbhísí Riarta, Córais agus Tacaíochta an Lionra Teicneolaíochta Eolais agus Cumarsáide

Tacaíonn Seirbhís Phríosúin na hÉireann le polasaí an Rialtais maidir le ceannach lárnach trí chonarthaí lárnacha a dhéanamh aon uair is féidir agus déanann an CPU monatóiracht leanúnach ar an réimse earraí atá á dtairiscint lena chinntiú go leanfar den chur chuige seo nuair is féidir. Oibríonn an CPU i gcomhar le Gníomhaireacht Soláthair an Rialtais i ndruchtú na gconarthaí seo agus measúnú orthu.

Chomh maith leis sin, déanann Seirbhís Phríosúin na hÉireann measúnú de shíor ar an bhféidearthacht costas a shábháil i ngach earnáil, ag cuimsiú, nuair is féidir, an rogha go ndéanfaí athghairm ar thairiscintí agus athmhargáil le soláthróirí.

An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

Tugtar an t-eolas seo a leanas de réir an Achta taobh istigh de na treoirlínte atá eisiithe ag an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta.

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag Seirbhísí Phríosúin na hÉireann lena chinntiú go n-íoctar gach sonrasc taobh istigh den amteorainn reachtúil. Cé go bhfuil na nósanna imeachta leagtha amach lena chinntiú go gcloífead leis an Acht, ní sholáthraíonn siad ach cinnteacht réasúnta seachas glanchinnteacht in aghaidh dhearbheamh-chomhlíonadh ar an Acht.

Bhí na nósanna imeachta i bhfeidhm sa tréimhse airgeadais faoi athbhreithnú agus, i gcás íocaíochtaí déanacha, cuireadh na soláthróirí ábhartha ar an eolas agus íocadh an t-ús a bhí ag dul dóibh.

De réir an Acht um Íoc Pras Cuntas 1997, cuirtear an t-eolas seo a leanas ar fáil maidir leis an tréimhse airgeadais dar chríoch 31 Nollaig, 2009:

Déanann Seirbhís Phríosúin na hÉireann íocaíochtaí le soláthróirí de réir na dtéarmaí a sonraítear sna sonraisc nó coinníollacha ábhartha i gconarthaí aonair, más cuí. Ó 2002 i leith is é 30 lá atá sna téarmaí caighdeánacha.

(b) Íocaíochtaí Déanacha

| Méid an Sonraisc | Líon Sonrasc | Méid Úis a Íocadh |
|-------------------------|---------------------|--------------------------|
| | | € |
| Faoi €317 | 10 | 104.79 |
| Thar €317 | 159 | 4,387.15 |
| Iomlán | 161 | 4,491.94 |

(c) Céatadán iomlán d'íocaíochtaí déanacha agus iomlán an úis a íocadh.

Ba é 0.2% an céatadán iomlán de luach na n-íocaíochtaí déanacha le hais luach na n-íocaíochtaí iomlána. Ba é iomlán an úis a íocadh le hais íocaíochtaí déanacha ná €4,491.94.

(d) Nuálachtaí Sheirbhís Phríosúin na hÉireann le hÚs Íocaíochta Pras a Laghdú

Ó Iúil 2008 i leith, tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann tar éis tabhairt faoi mhionanailís mhíosúil a dhéanamh ar gach cás inar íocadh ús íocaíochta pras, agus é ar intinn go n-aithneofaí agus go ndíothófaí na cúiseanna coitianta le moill san íocaíocht. Mar thoradh ar na bearta smachta a tugadh isteach, bhí iomlán an úis íocaíochta pras a íocadh i 2009 76% níos ísle ná a chomhionann i 2008.

Caibidil 8

Bainistíocht Acmhainní Daonna

Bíonn an Stiúrtóireacht Acmhainní Daonna freagrach as soláthar réimse iomlán de sheirbhísí Acmhainní Daonna a sholáthar do thart faoi 3,500 d'fhoireann gráid príosúin taobh istigh de Sheirbhís Phríosúin na hEireann. Ar na bunearnálacha freagrachta tá earcaíocht agus imlonnú foirne, próiseáil pá, liúntais agus pinsin, bainistiú asláithreachais, athbhreithniú agus forbairt ar pholasaithe agus nósanna imeachta agus a chinntiú go leanfar d'fheidhmíocht bhainistíochta agus den chóras forbartha a cuireadh i bhfeidhm 2009.

De bhreis ar sholáthar seirbhísí Acmhainní Daonna ó lá go lá, ar na dúshláin shuntasacha do lucht Acmhainní Daonna sa bhliain atá caite bhí an fógra ón Rialtas go mbeadh moratóir ar earcaíocht agus ardú céime ag tráth nuair a bhí an daonra príosúin ag dul i méid, rud a chiallaigh go raibh gá le seoladh na cóiríochta nua príosúin i bpríosúin an Chaisleáin Riabhaigh agus i bPort Laoise agus soláthar foirne dóibh. Bhí impleachtaí ann freisin i seoladh ilionad nua na gCúirteanna Coiriúla do sholáthar foirne do Chór Tionlacain na Seirbhíse Príosúin.

Maidir le cuid de na feidhmeanna Acmhainní Daonna ar leith, mar seo a leanas a bhí cúrsaí ag deireadh 2009:-

Earcaíocht agus Comórtais

D'fhaomhaigh an tAire Airgeadais earcú 122 Ábhar Oifigeach Príosúin (RPOs) le linn 2009. Astu siúd, chríochnaigh 80 a gcuid oiliúna agus chuaigh siad i mbun seirbhíse le linn na bliana. B'in leibhéal earcaíochta a bhí laghdaithe go mór i gcomparáid leis na blianta roimhe sin.

Reachtáladh comórtais roimhe sin le linn 2009 do phoist mar Leas-Ghobharnóir (Coinneáil), Bainisteoir Cúrsaí Comhshaoil, Síceolaí Sinsearach, Gobharnóir 1 Baile na Sceach/Cill Uird, Leas-Ghobharnóir, Gobharnóir 2, Gobharnóir 3, Gobharnóir 1 Acmhainní Daonna/Sort, Gobharnóir 1 Cnoc na Seimre, Gobharnóir 1 Príosún an Chruithneachtáin, Oifigeach Príosúin in MDT. Chuir 148 duine ón bhfoireann isteach ar na poist seo agus cuireadh 48 ar phainéil chomórtais. Ceapadh 16 ón bhfoireann i bpoist nua i 2009. Chuir an moratóir ar earcaíocht agus ardú céime cosc ar líon mór ceapachán maidir le folúntais a tharla mar thoradh ar níos mó daoine ag dul amach ar phinsean.

Athrú Eagraíochta

Tá an Comhaontú Athraithe a rinneadh le Cumann na nOifigeach Príosúin i Lúnasa 2005, a dtugtar an Togra le haghaidh Athraithe Eagraíochta air, i bhfeidhm le breis agus trí bliana anois. Is é atá i gceist leis an ngné bhunúsach den chomhaontú díothú ar ragobair trí chóras "uaireanta breise" a

thabhairt isteach bunaithe ar an gcoincheap "uaireanta bliantúlaithe". Déantar múnatoireacht leanúnach ar an socrú oibre seo ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta araon ag baint leas as an struchtúr a leagadh amach sa Chomhaontú. Tá comh-athbhreithniú ar oibriú an chórais idir lámha ag an mbainteorieacht agus ar thaobh na foirne. Nuair a bheas sé sin déanta eiseofar tuarascáil a bheas mar bhunús díospóireachta idir an dá thaobh maidir le haon athrú ar an gComhaontú a bheas de dhíth.

Oiliúint agus Forbairt

Thosaigh iomlán de 122 Ábhar Oifigigh Príosúin (RPOs) Bliain 1 den Ardteastas i gCúram Coinneála (HCCC) le linn 2009. De bharr sin bhí iomlán de 479 mac leinn cláraithe don HCCC faoi dheireadh 2009 agus 140 acu réidh le céimiú go luath i 2010.

Soláthraíonn comhpháirtíocht idir Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus an Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach, an HCCC, clár a ngabhann Teastas Náisiúnta Leibhéal 6 leis atá creidiúnaithe ag Comhairle Náisiúnta na nDámhaineachtaí Oiliúna agus Forbartha (HETAC), do gach RPO. Tá an-chuid seirbhísí príosúin tar éis spéis a chur sa chlár agus ciallaíonn sé go bhfuil oiliúint earcach i Seirbhís Phríosúin na hÉireann chun tosaigh maidir leis an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr.

Thug 306 de na 306 RPOs a bhí cláraithe don HCCC cuairt ar a n-ionad oibre le linn 2009. Bhí foireann oiliúna agus forbartha Sheirbhís Phríosúin na hÉireann páirteach sa chur chige sainiúil seo agus thug léachtóirí ón Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach, cuairt ar gach ionad oibre de chuid na RPOs le cruinniú le gach mac leinn a chinntiú le linn sheimeastar 3. Thug sé seo deis d'fhoireann oiliúna agus forbartha Sheirbhís Phríosúin na hÉireann plé a dhéanamh ar fhorbairt ghairmiúil gach RPO, le plé a dhéanamh ar aon cheist a d'eascair as an HCCC agus thug sé deis sainiúil scrúdú a dhéanamh ar phróiseas foghlama gach RPO. Cuirfidh sé seo le forás foriomlán an chlár chomh maith le bheith ina dhea-chleachtas maidir le bhforbairt ghairmiúil gach RPO san ionad oibre.

Lean an IPSTC de dheardh, fhorbairt agus sheachadadh cúrsaí oiliúna le cuidiu leis an nGrúpa Tacaíochta Oibríochta (OSG). Soláthraíodh oiliúint theagmhas criticiúil i 2009 don fhoireann chuí uile. Shotháthraigh an Clár Cúnaimh d'Fhostaithe (EAP) oiliúint ceithre lá do gach ionadaí EAP i 2009. Chomh maith leis sin chinntigh foireann oiliúna agus forbartha na Seirbhíse go raibh ann do chúrsaí forbartha gairmiúla ar a raibh oiliúint PMDS, oiliúint Clockwise/Cognos, airdeall féinmharaithe, agus oiliúint bulaíochta agus clár aireachta drugai in an-chuid príosún.

Forbraíodh, Eagraíodh agus Soláthraíodh réimse de chúrsaí Slainte agus Sábháilteachta d'fhoireann Sheirbhís Príosúin na hÉireann de réir mar a bhí de dhíth de bharr riachtanas sláinte agus sábháiltachta Sheirbhís Phríosúin na hÉireann i 2009. Bhí go leor den oiliúint seo ceangaithe le tabhairt isteach Chóras Sábháiltachta Bainistíochta OHSAS 18001 i roinnt príosún i 2009 agus a thabharfar chun críche ar fud na Seirbhíse i 2010 Soláthraíodh na

cúrsaí seo in Ionad Oiliúna agus Forbartha Sheirbhís Phríosúin na hÉireann nó ar an láthair sna príosúin.

Lean Oifigigh Teagmhala Oiliúna (TLOs) a oiltear go leibhéal gairmiúil, faoi réir teastais ó Institiúid na hÉireann um Oiliúint agus Fhorbairt, le soláthar oiliúna oibríochta i ngach príosún, bunaithe ar riachtanais príosúin ar leith. Lean an tIonad Oiliúna agus forbartha le huasdátú agus forbairt pacáí acmhainní oiliúna le cuidiú leis na TLOs. Ar na cláir oiliúna a cuireadh ar fáil i 2009 bhí aireacht drugaí, teorric agus aireacht slándála agus oiliúint um fhorbairt feidhmíocht bhainistíochta.

An Córas Forbartha um Fheidhmíocht Bhainistíochta

Tugadh isteach an múnla comhtháite de Chóras Forbartha um Fheidhmíocht Bhainistíochta (PMDS) ar fud na Seibhíse do gach grád de phríosún i 2009. Tar éis oiliúna forleithne agus feachtais aireachta, ghlac na fhoireann ar fad i Seirbhís Phríosúin na hÉireann páirt sa phróiseas ó 1 Eanáir ar aghaidh. Tá an PMDS nasctha le bronnadh incrimintí agus an gcumas ardú céime a lorg.

Scor den tSeirbhís

Thainig deireadh le fostaíocht 204 ball foirne de chuid Sheirbhís Phríosúin na hÉireann le linn 2009. Is ionann é sin agus méadú de 98% i gcomparáid leis an líon foirne a d'fhág an bhliain roimhe sin. Le linn na bliana chuaigh 170 amach ar phinsean ar bhonn aoise, d'éirigh 22 as ar bhonn sláinte agus briseadh 10. Is trua go bhfuair 2 bhall foirne bás i 2009 agus iad fós fostaithe ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann.

Ar an líon a chuaigh amach ar phinsean i 2009 bhí 7 Gobharnóir agus 4 Leas-Gobharnóir rud arb ionann agus 26% díobhsan a bhí fostaithe sna poist bainistíochta bhunúsacha sin.

Bainistíocht Asláithreachais

Bhí laghdú suntasach i leibhéal na hasláithreachtaí tinnis i Seirbhís Phríosúin na hÉireann ó 2005 i leith faoi mar atá léirithe sa tábla thíos.

Is ag dul i laghad a bhí treocht na saoire tinnis i 2009 i gcomparáid le 2008. Baineadh leas as 6,669 níos lú laethanta tinnis (idir theistithe agus neamhtheistithe) le 34 níos lú foirne. Ba é iomlán na foirne ar 31 Nollaig 2008 ná 3,426 i gcomparáid le 3,392 ar 31 Nollaig 2009. Rud tábhachtach ná go raibh laghdú ar na laethanta saoire tinnis “per capita” ag deireadh 2009 ó 3,426 go 3,392 ar 31 Nollaig 2009. Sin feabhas de 13%.

| Bliain | Méid Lá | Baill | Per Capita |
|---------------|----------------|--------------|-------------------|
| 2004 | 77,925 | 3,119 | 24.98 |
| 2005 | 81,503 | 3,077 | 26.49 |
| 2006 | 82,580 | 3,143 | 26.27 |
| 2007 | 71,651 | 3,311 | 21.64 |
| 2008 | 65,184 | 3,426 | 19.84 |
| 2009 | 58,515 | 3,392 | 17.25 |